An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

Tuarascáil faoin Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008 a Chuimsíonn an Tréimhse 1 Eanáir 2011 – 31 Nollaig 2012

Clár Ábhar

Réamhrá ón Aire.....3

CAIBIDIL 1 – Príomhfhorbairtí le linn na mblianta 2011 agus 2012 ……4
1. Forbairtí maidir leis an Rialachán Dé-Úsáide ……..…….…..….4
2. Athruithe ar phíosaí eile reachtaíochta ……7
3. Treochtaí Staitistiúla ……..……10
4. Diúltuithe ……...……13
5. For-Rochtain agus Imscrúduithe ……13
6. Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach sna blianta 2011 agus 2012 13

CAIBIDIL 2 – An Comhthéacs do Rialuithe Onnmhairí na hÉireann ……15
1. Bunadh agus Comhthéacs na Rialuithe Idirnáisiúnta Onnmhairí 15
2. Comhthéacs Ceadúnúcháin Onnmhairiúcháin an AE 16
3. Córas Ceadúnúcháin Onnmhairiúcháin na hÉireann 21

CAIBIDIL 3 – Socruithe Riaracháin 24
1. Socruithe Riaracháin.....24
2. OELAS.....24
3. Nós Imeachta maidir le hIarratais ar Cheadúnais Onnmhairiúcháin a Bhreithniú.....24
4. Diúltuithe 31
5. Forfheidhmiú.....33
6. Deimhnithe Allmhairiúcháin Idirnáisiúnta.....34

CAIBIDIL 4 - Comhoibriú le Comhlachtaí Eile Rialtais.....36
1. Réamhrá 36
2. Comhoibriú le Comhlachtaí Eile Rialtais.....36
3. Coistí 39

CAIBIDIL 5 - Srianta Trádála (Smachtbhannaí) 42
1. Comhthéacs Beartais 42
2. Smachtbhannaí Trádála.....43
3. Comhoibriú Idir-Rannach maidir le Smachtbhannaí a Chur Chun Feidhme 44
4. Cineálacha Eile Smachtbhannaí.....45
5. Réim Allchríche Smachtbhannaí Idirnáisiúnta Áirithe 46
6. Impleachtaí do Chúrsaí Ghnó 46
7. Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach sna blianta 2011 agus 2012 46

CAIBIDIL 6 - Staitisticí Onnmhairí: Úsáid Mhíleata agus Dé-Úsáid 48
Achoimre ar Chóid ML (Liosta Míleata) ……67

AGUISÍN 1 - Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach le linn na mblianta 2011 agus 2012.....68

AGUISÍN 2 - Córais Idirnáisiúnta Rialúcháin Onnmhairí.....73
1. Réamhrá.....73
2. Grúpa na hAstráile.....73
3. An Córas um Rialú na Teicneolaíochta Diúracán.....74
4. Grúpa na Soláthraithe Núicléacha.....75
5. Comhshocraíocht Wassenaar.....76
6. Coiste Zangger.....78

Réamhrá ón Aire

Tá áthas orm an dara tuarascáil maidir le feidhmiú an Achta chun Onnmhairí a Rialú 2008, a chuimsíonn an tréimhse 2011 go 2012, a chur i láthair. Dírítear sa tuarascáil ar na príomhfhorbairtí le linn na mblianta 2011 agus 2012 agus tugtar faisnéis freisin ar chomhthéacs agus ar oibriú chóras Ceadúnúcháin Onnmhairiúcháin na hÉireann.

Leis an Acht sin, cuirtear creat ar fáil chun a chinntiú go n-onnmhairítear earraí íogaire agus teicneolaíocht íogair ar bhealach atá sábháilte agus freagrach. Tá na ceisteanna sin atá mar bhunús do rialuithe onnmhairí an-tábhachtach don Roinn – is iad sin, ceisteanna a bhaineann le slándáil, le cobhsaíocht réigiúnach agus le cearta an duine. Cé go bhfuil sé mar phríomhsprioc ag an Roinn onnmhairí a mhéadú, tá rialúchán onnmhairí ina ghné dár gcuid oibre inar gá an aidhm atá againn fás onnmhairí a bhaint amach a chothromú le tosaíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta i réimsí tábhachtacha amhail neamhiomadú arm ollscriosta, cearta an duine agus coimhlint réigiúnach. Agus saorthrádáil agus margaí oscailte á gcinntiú againn, ní mór dúinn tús áite a thabhairt do na croíphrionsabail sin nuair is féidir leis an trádáil sin difear a dhéanamh do cheisteanna a bhaineann le slándáil idirnáisiúnta nó le cearta an duine.

Agus onnmhairí á n-éascú agus iad ag leathnú agus ag forbairt gníomhaíochtaí domhanda, baineann tábhacht ar leith lena chinntiú go bhfuil an leibhéal cuí ceadúnúcháin i bhfeidhm i ndáil le honnmhairí dé-úsáide agus le hearraí agus le teicneolaíochtaí eile.

Mar aon le faisnéis ar fheidhmiú na rialuithe onnmhairí, tugtar faisnéis sa tuarascáil seo freisin ar iarratais ar cheadúnais, ar luach agus ar cheann scríbe na n-earraí ceadúnaithe agus ar iarratais ar cheadúnais a diúltaíodh. Foilsítear an tuarascáil seo mar chuid d'iarrachtaí na Roinne trédhearcacht agus infheictheacht a chur ar fáil maidir leis an gcóras ceadúnúcháin agus maidir leis an gcóras rialúcháin onnmhairí. Foilsítear sonraí achoimre ar an onnmhairiúchán táirgí rialaithe ar shuíomh Gréasáin na Roinne gach sé mhí freisin. Leanfar ar aghaidh leis an gcleachtas sin mar gur mhaith liom faisnéis a chur ar fáil go luath do pháirtithe leasmhara a chuireann spéis ar leith sa ghné sin d'obair na Roinne.

_____

Richard Bruton TD

An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta

CAIBIDIL 1 – Príomhfhorbairtí le linn na mblianta 2011 agus 2012

Leagtar amach i gCaibidlí 2 go 5 sa tuarascáil seo cúlra agus comhthéacs an córas rialúcháin onnmhairí in Éirinn. Tarraingítear aird sa rannán seo ar fhorbairtí agus ar athruithe a tharla le linn na tréimhse a chuimsíonn an tuarascáil - 2011 agus 2012.

1. Forbairtí maidir leis an Rialachán Dé-Úsáide

Faoi mar a leagtar amach i gCaibidil 2, is é an príomhphíosa reachtaíochta lena rialaítear onnmhairiú ítimí dé-úsáide ón Eoraip ná Rialachán (CE) 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú, ar bhróicéireacht agus ar idirthuras ítimí dé-úsáide (an "Rialachán Dé-Úsáide). Tháinig dhá leasú ar an Rialachán Dé-Úsáide i bhfeidhm in 2011 agus in 2012.

Le linn na bliana 2011, glacadh Rialachán (AE) Uimh. 1232/2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú, ar bhróicéireacht agus ar idirthuras ítimí dé-úsáide agus tháinig sé i bhfeidhm le linn na bliana 2012. Tugadh isteach leis an Rialachán sin cúig Údarú Ghinearálta Onnmhairiúcháin nua ón Aontas (ÚGOAnna).

Comhlánaíonn na cúig Údarú Ghinearálta Onnmhairiúcháin nua ón Aontas (ÚGOAnna) an tÚdarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón gComhphobal atá ann cheana (ar a dtugtar ÚGOA AE001) agus is féidir le honnmhaireoirí an AE iad a úsáid chun ítimí dé-úsáide ar leith a onnmhairiú ón AE chuig cinn scríbe ar leith. Ceadaítear le ÚGOA AE001 formhór na dtáirgí rialaithe a onnmhairiú chuig cinn scríbe ar leith (an Astráil, Ceanada, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Eilvéis agus Stáit Aontaithe Mheiriceá). Is iad seo a leanas na cúig Údarú Ghinearálta Onnmhairiúcháin nua ón Aontas:

AE002 – ítimí áirithe dé-úsáide a onnmhairiú chuig cinn scríbe áirithe
AE003 – onnmhairiú tar éis deisiúcháin / athsholáthair
AE004 – onnmhairiú sealadach le haghaidh taispeántais nó aonaigh

AE005 – teileachumarsáid (ceadaítear líon beag earraí, mar shampla, bogearraí agus trealamh tástála, cigireachta agus táirgthe i gcás raon teoranta ítimí teileachumarsáide, a onnmhairiú chuig cinn scríbe áirithe)
AE006 – ceimiceáin (ceadaítear líon beag ceimiceán a onnmhairiú chuig cinn scríbe áirithe.)

Is é aidhm na nÚdaruithe Ginearálta nua sin ná an t-ualach rialála ar thrádálaithe a éascú agus tugadh isteach iad mar gheall ar na córais fhairsinge láidre rialúcháin onnmhairí atá i bhfeidhm sna tíortha arna gcumhdach.

Le Rialachán (AE) Uimh. 1232/2011 freisin, rinneadh athruithe ar fhógraí diúltaithe a chomhroinnt idir na Ballstáit agus ar na tuarascálacha maidir le rialuithe onnmhairí dé-úsáide a chuireann an Coimisiún Eorpach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.

Tháinig Rialachán (AE) Uimh. 388/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun rialúchán a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú, ar bhróicéireacht agus ar idirthuras ítimí dé-úsáide i bhfeidhm le linn na bliana 2012. Rinneadh leis an Rialachán sin Iarscríbhinn na n-ítimí atá faoi réir rialúchán onnmhairí a thabhairt cothrom le dáta chun athruithe a comhaontaíodh sna córais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí le linn na mblianta 2009 agus 2010 a léiriú. Is féidir tuilleadh faisnéise ar na córais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí a fháil in aguisín 2.

Leagtar liosta na n-ítimí rialaithe dé-úsáide amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Cumhdaítear sna hÚdaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn II onnmhairiú ítimí áirithe lena mbaineann riosca níos ísle chuig cinn scríbe áirithe. Is gá na hIarscríbhinní sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta, ar mhaithe le hábhair imní idirnáisiúnta atá ag athrú faoi chinn scríbe áirithe a léiriú agus ar mhaithe le cinntí arna ndéanamh trí chomhthoil i gcórais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí a chur san áireamh. Le linn na mblianta 2011 agus 2012, cuireadh tús le díospóireachtaí maidir le nósanna imeachta níos éifeachtúla a fhorbairt i gcóras rialúcháin onnmhairí an AE trí ghníomhartha tarmligthe a thabhairt isteach chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta.

Páipéar Uaine maidir le Dé-Úsáid

I Meitheamh na bliana 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Páipéar Uaine dar teideal "Córas rialúcháin onnmhairí dé-úsáide an Aontais Eorpaigh: slándáil agus iomaíochas a chinntiú i ndomhan atá ag athrú". Sheol an Coimisiún Eorpach an próiseas comhairliúcháin chun tús a chur le díospóireacht leathan phoiblí ar fheidhmiú chóras rialúcháin onnmhairí dé-úsáide an AE agus chun "cabhrú le láidreachtaí agus le laigí an chórais atá ann cheana a aithint agus fís níos fadtéarmaí a phleanáil do chreat rialúcháin onnmhairí an AE". Is é rún an Choimisiúin Eorpaigh ná go n-aistreofar torthaí na físe sin ina leasuithe nithiúla ar an gcóras atá ann cheana agus go n-ullmhófar straitéis fhadtéarmach i leith rialuithe onnmhairí a fhorbairt san AE.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach anailís sa bhliain 2013 ar na freagraí a fuarthas ar fud an AE i dtaca leis an gcomhairliúchán. Tá tograí reachtacha ina leith sin le teacht.

Ullmhúcháin do chathaoirleacht a dhéanamh ar an Meitheal Oibre um Dhé-Úsáid le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE

Faoi mar a leagtar amach i gCaibidil 2, is í an Mheitheal Oibre um Dhé-Úsáid (MODÚ) sa Bhruiséil a oibríonn chun beartas an AE a fhorbairt maidir le hearraí dé-úsáide. D'fhreastail ionadaithe na Roinne ar roinnt cruinnithe de chuid MODÚ le linn na mblianta 2011 agus 2012. Mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh le linn na chéad sé mhí de 2013, rinne oifigigh na Roinne cathaoirleacht ar MODÚ. Cuireadh tús i gceart le hullmhúcháin don ról tábhachtach sin le linn na bliana 2012. Bhuail oifigigh na Roinne le hoifigigh shinsearacha sa Choimisiún Eorpach, leis an gComhairle, le hUachtaránacht na Cipire a bhí ag dul as oifig agus le hionadaithe MODÚ ó na Ballstáit eile chun plé a dhéanamh ar phleanáil do na dualgais fhairsinge ó thaobh cathaoirleachta agus leagan síos an chláir oibre de a bhí le déanamh.

Chomh maith leis sin, d'fhreastail ionadaithe na Roinne ar roinnt cruinnithe de chuid an Ghrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid le linn na mblianta 2011 agus 2012. Is é an Coimisiún Eorpach a dhéanann cathaoirleacht ar na cruinnithe sin, arna mbunú faoi Airteagal 23 de na Rialacháin Dé-Úsáide. Tá na cruinnithe ina bhfóram luachmhar inar féidir plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin Dé-Úsáide ar fud na

mBallstát, ag cinntiú go gcuireann na Ballstáit uile an Rialachán i bhfeidhm ar bhealach atá cothrom agus comhsheasmhach.

2. Athruithe ar phíosaí eile reachtaíochta

An tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Earraí agus Teicneolaíocht) 2012

Foráiltear leis an Ordú chun Onnmhairí a Rialú (Earraí agus Teicneolaíocht) 2012 d'onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta a liostaítear sa Sceideal a ghabhann leis an Ordú sin a rialú. Baineann an tOrdú sin le hearraí agus le teicneolaíochtaí atá ar an liosta ar a dtugtar Comhliosta Míleata an AE de ghnáth. Ceanglaítear ar na Ballstáit onnmhairiú na n-earraí míleata agus na gcomhpháirteanna míleata ar an liosta sin a rialú, liosta a thugtar cothrom le dáta ar bhonn bliantúil de ghnáth.

Tháinig Ordú 2012, I.R. Uimh. 216 de 2012, i bhfeidhm an 30 Meitheamh 2012.

Na Rialacháin Aerfoirt Neamhchustaim (Réim Dlíthe a Leathnú) 2012

Is é éifeacht an Rialacháin sin, I.R. Uimh. 217 de 2012, ná forálacha an Ordaithe chun Onnmhairí a Rialú (Earraí agus Teicneolaíocht) 2012 a leathnú chun Aerfort Neamhchustaim na Sionainne a chuimsiú.

Ní gné nua de chóras rialúcháin onnmhairí na hÉireann iad na Rialacháin. Ina ionad sin, glacann siad áit na Rialachán den chineál céanna a tugadh isteach sa bhliain 2009. Rinneadh na Rialacháin le toiliú ón Aire Iompair agus ón Aire Airgeadais mar gheall ar an stádas speisialta atá ag limistéar neamhchustaim na Sionainne.

Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm an 30 Meitheamh 2012.

An tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Gníomhaíochtaí Bróicéireachta) 2011

Rinneadh an tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Gníomhaíochtaí Bróicéireachta) 2011, I.R. Uimh. 86 de 2011, de bhun Alt 3 den Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2011. Forchuirtear leis an Ordú riachtanas ceadúnúcháin i ndáil le gníomhaíochtaí bróicéireachta a bhaineann le hearraí agus le

teicneolaíocht atá ar Chomhliosta Míleata an AE, faoi mar a leagtar amach sa Sceideal a ghabhann leis an Ordú.

Toisc go ndearnadh an tOrdú faoin Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008, tá sáruithe ar an Ordú faoi réir na bpionós dá bhforáiltear san Acht sin. Foráiltear le hAcht 2008 gur féidir, ar dhuine a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma sé mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus gur féidir, ar dhuine a chiontú ar díotáil, fíneáil a chur air nó uirthi nach mó a méid ná €10,000,000 nó ná trí oiread luach na n-earraí nó na teicneolaíochta lena mbaineann, nó príosúnacht a chur air nó uirthi ar feadh téarma nach faide ná cúig bliana, nó an fhíneáil agus an phríosúnacht sin araon a chur air nó uirthi.

Léiríonn leibhéal na bpionós in Acht 2008 an tábhacht a leagann an Roinn ar thrádáil na n-earraí atá ar Chomhliosta Míleata an AE a rialú.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a bhaineann le Cosaint laistigh den Chomhphobal)

Is é cuspóir na Rialachán sin ná simpliú a dhéanamh ar na rialacha agus ar na nósanna imeachta is infheidhme maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal "d'fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú". Is é an aidhm atá leo ná cur ar chumas tuilleadh cuideachtaí ar fud an AE, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide go háirithe, a bheith páirteach i gconarthaí fadtéarmacha in earnáil cosanta an AE.

Tugtar éifeacht don Treoir sin i ndlí na hÉireann le I.R. Uimh. 346 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a bhaineann le Cosaint laistigh den Chomhphobal) 2011.

Toisc gurb ionann an liosta táirgí a chumhdaítear le Treoir 2009/43/CEE agus "Comhliosta Míleata an AE", a thugtar cothrom le dáta ar bhonn rialta, cuirtear Ionstraimí Reachtúla chun feidhme chun éifeacht a thabhairt do na liostaí leasaithe sin. Le I.R. Uimh. 535 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a bhaineann le Cosaint laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2011 – agus le I.R. Uimh. 309 de 2012 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a bhaineann le Cosaint laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2012 – cuireadh na leasuithe sin chun feidhme sa bhliain 2011 agus sa bhliain 2012 faoi seach.

Rialachán (AE) Uimh. 1352/2011 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, an chéasta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach – "An Rialacháin Céastóireachta"

Sa bhliain 2011, mar fhreagairt d'ábhair imní faoi onnmhairiú féideartha táirgí leighis ón AE a d'fhéadfaí a atreorú agus a úsáid le haghaidh forghníomhú ag instealladh marfach, tháinig táirgí eile faoi rialú an Rialacháin Chéastóireachta.

Tháinig Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1352/2011 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (CE) 1326/2005 ón gComhairle i bhfeidhm i mí na Nollag 2011 agus cuireadh na nithe seo a leanas leis an Rialachán Céastóireachta dá bharr:

- "gníomhaithe ainéistéiseacha barbatúráite a ghníomhaíonn go gearr agus go hidirmheánach", a cuireadh le hIarscríbhinn III (liosta ítimí a dteastaíonn ceadúnas onnmhairiúcháin ina leith);
- muinchillí agus cufaí turrainge leictrí agus bataí spiacáin, a cuireadh le hIarscríbhinn II (liosta ítimí a bhfuil cosc ar a n-allmhairiú agus ar a n-onnmhairiú).

Faoi mar a leagtar amach i gCaibidil 4, chuir an Roinn sásraí frithpháirteacha fógrúcháin ar bun i gcomhar le Bord Leigheasra na hÉireann sa tréimhse atá á plé chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú "gníomhaithe ainéistéiseacha barbatúráite a ghníomhaíonn go gearr agus go hidirmheánach" a chumhdaítear sna Rialacháin Chéastóireachta.

Tugtar faisnéis i gCaibidil 4 freisin ar an dóigh a ndéanann an Roinn faireachán ar onnmhairiú ítimí rialaithe i ndlúthchomhar le Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim.

3. Treochtaí Staitistiúla

Leagtar amach sa tábla thíos faisnéis achoimre ar líon agus ar luach na gceadúnas a dheonaigh an Roinn le linn na mblianta 2011 agus 2012. Leagtar faisnéis staitistiúil níos mionsonraithe amach i gCaibidil 6.

Cineál Ceadúnais	Líon na gCeadúnas de réir Bliana		Luach na gCeadúnas de réir Bliana €,000,000	
	2011	2012	2011	2012
Dé-Úsáid Aonair	343	704	1,148	229
Dé-Úsáid Dhomhanda	40	23	6,073	2,253
Míleata	72	129	27	47
IOMLÁN	455	856	7,248	2,529

Luach an Cheadúnais

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach gá go léiríonn luach an cheadúnais luach iarbhír na n-earraí arna n-onnmhairiú faoin gceadúnas sin. Ar mhaithe le héifeachtúlacht agus le freagairt go gasta do riachtanais shlabhra an tsoláthair, is féidir go ndéanfaidh cuideachtaí áirithe luach an ghnó athuaire lena bhfuiltear ag súil a chur ar áireamh san iarratas bunaidh, cé go bhfuil baol ann nach dtiocfaidh an gnó athuaire sin chun cinn. Dá réir sin, is féidir go mbeidh luach iarbhír na n-onnmhairí arna ndéanamh faoi na ceadúnais sin níos ísle ná aghaidhluach an cheadúnais onnmhairiúcháin.

Bhí laghdú 65% ar luach na gceadúnas a eisíodh sa bhliain 2012 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2011. Ba é an phríomhchúis leis an laghdú sin ná an t-athrú a tháinig ar luach na gceadúnas dé-úsáide domhanda idir na blianta 2011 agus 2012, faoi mar a leagtar amach thíos.

Ceadúnais Dé-Úsáide Aonair

Eisíodh 343 ceadúnas dé-úsáide aonair sa bhliain 2011. Bhí an figiúr sin cosúil le líon na gceadúnas a eisíodh sna blianta 2008 agus 2009 ach b'ionann é agus laghdú 52% ar líon na gceadúnas a eisíodh sa bhliain 2010. Ba é an phríomhchúis leis an laghdú a tháinig ar líon na gceadúnas a eisíodh ná an t-athbhreithniú agus an cónascadh a rinne onnmhaireoir amháin ar a chuid cheadúnas sa bhliain 2011.

Eisíodh 704 ceadúnas dé-úsáide aonair sa bhliain 2012, rud arbh ionann é agus méadú 105% ar an bhfigiúr don bhliain 2011. Tháinig an méadú sin go príomha as an méadú ar líon na n-onnmhairí a bhain le táirgí teileachumarsáide agus TFC.

Ceadúnais Dé-Úsáide Domhanda

Tugann ceadúnais onnmhairiúcháin dhomhanda tuilleadh solúbthachta d'onnmhaireoirí ná mar a thugann ceadúnais onnmhairiúcháin aonair. Is féidir iad a úsáid chun onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta atá liostaithe ar an gceadúnas chuig na tíortha is cinn scríbe atá liostaithe ar an gceadúnas a chumhdach. Eisítear ceadúnais dhomhanda do chuideachtaí ag a mbíonn líon an-ard onnmhairí lena mbaineann riosca réasúnta íseal chuig raon tíortha lena mbaineann riosca íseal.

Eisíodh 39 ceadúnas Dé-Úsáide Domhanda le linn na bliana 2011. Eisíodh 23 ceadúnas sa bhliain 2012 tar éis don Roinn agus do shealbhóirí ceadúnais athbhreithniú a dhéanamh d'fhonn líon na gceadúnas atá i seilbh onnmhaireoirí a chuíchóiriú agus a chónascadh. B'ionann luach na gceadúnas Domhanda a eisíodh sa bhliain 2011 agus €6 billiún agus b'ionann luach na gceadúnas Domhanda a eisíodh sa bhliain 2012 agus €2.3 billiún. B'fhiú níos mó ná €5 billiún iad na Ceadúnais Dhomhanda a eisíodh do chuideachta amháin sa bhliain 2011. Léirigh an titim i luach na gceadúnas a eisíodh le linn na bliana 2012 an titim i luach na gceadúnas domhanda a eisíodh sa bhliain 2012 don onnmhaireoir céanna.

Agus breithniú á dhéanamh ar an laghdú an-suntasach a tháinig ar luach na gceadúnas domhanda sa bhliain 2012, ní mór a thabhairt faoi deara arís go bhfuil baol ann nach mbeidh an luach atá le sonraithe ar an gceadúnas comhionann le luach iarbhír na n-onnmhairí arna ndéanamh faoin gceadúnas sin. Déanann onnmhaireoirí meastachán ar luach na gceadúnas domhanda tráth an iarratais. Tagann difríochtaí chun cinn i gcónaí, mar shampla, mar gheall ar aistriú sealadach innealra laistigh de ghrúpaí. Ina theannta sin, bíonn cuideachtaí faoi réir athruithe rialta ar liostaí na dtáirgí rialaithe. Mar thoradh ar athbhreithnithe ar liostaí na dtáirgí rialaithe, is féidir go mbainfear táirgí den liosta agus nach gceanglófar ar chuideachtaí a raibh ceadúnais onnmhairiúcháin ag teastáil uathu roimhe sin dul i dteagmháil leis an gcóras

ceadúnúcháin. I bhfianaise na riachtanas tuairiscithe a bhíonn ag athrú, féachfaidh rialúchán onnmhairí amach anseo le faisnéis a chur ar fáil ar luach iarbhír na n-onnmhairí arna ndéanamh faoi cheadúnais dhomhanda.

Ceadúnais Mhíleata

Tháinig laghdú ar líon na gceadúnas míleata ó 98 ceadúnas sa bhliain 2010 go 72 ceadúnas sa bhliain 2011, agus mhéadaigh sé arís go 129 ceadúnas sa bhliain 2012. Mhéadaigh luach na n-onnmhairí faoi 12.5%, ó €24m sa bhliain 2010 go €27m sa bhliain 2011, agus mhéadaigh sé faoi 74% eile go €47m sa bhliain 2012.

Is fiú a mheabhrú go gcumhdaíonn rialuithe ceadúnúcháin earraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata agus comhpháirteanna d'ítimí den sórt sin. Bhí comhpháirteanna, seachas earraí críochnaithe, i gceist le ceadúnais a eisíodh d'earraí míleata sna blianta 2011 agus 2012. Chomh maith leis sin, eisíodh líon suntasach ceadúnas míleata do dhaoine aonair a raibh airm thine spóirt ina seilbh acu agus do chuideachtaí a bhí i mbun gníomhaíocht mhianadóireachta. Ina theannta sin, toisc gur réasúnta beag atá an grúpa onnmhaireoirí earraí míleata agus teicneolaíochta míleata in Éirinn, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil baol ann go bhféadfadh athrú sna riachtanais cheadúnais atá ag onnmhaireoir amháin nó dhó tionchar an-suntasach a imirt ar na staitisticí.

Comhiomlánú Sonraí Staitistiúla

Sa tuarascáil seo ar fheidhmiú an Achta chun Onnmhairí a Rialú, féachtar leis an oiread trédhearcachta agus is féidir a chur ar fáil ar luach na gceadúnas, ar líon na gceadúnas, ar chinn scríbe agus ar chatagóirí táirge i ndáil le táirgí dé-úsáide agus míleata.

Mar gheall ar na híogaireachtaí tráchtála agus ar an líon réasúnta beag de shealbhóirí ceadúnais, áfach, bhí gá le sonraí a chomhiomlánú nuair a bhíothas ag tuairisciú ar onnmhairí faoi cheannteidil áirithe.

4. Diúltuithe

Leagtar amach i gCaibidil 3 na cúinsí a chuireann an Roinn san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aici ar cé acu a dheonóidh nó nach ndeonóidh sí ceadúnas onnmhairiúcháin:

- Sa bhliain 2011, diúltaíodh do cheithre iarratas ar cheadúnas onnmhairiúcháin.

- Sa bhliain 2012, diúltaíodh d'iarratas amháin ar cheadúnas onnmhairiúcháin.

Rinneadh na diúltuithe sin go príomha mar gheall ar chúinsí a bhain leis an úsáid deiridh a bhí ceaptha agus leis an riosca atreoraithe.

5. For-Rochtain agus Imscrúduithe

For-Rochtain

Mar chuid de ghníomhaíochtaí for-rochtana le linn na bliana 2012, bhuail oifigigh an Aonaid Cheadúnúcháin leis na gníomhaireachtaí forbartha tionsclaíche - Fiontraíocht Éireann agus an tÚdarás Forbartha Tionscail (ÚFT) - ionas go mbeadh na hoifigigh a chuireann comhairle ar chliantchuideachtaí faoi dheiseanna onnmhairiúcháin in ann eolas a thabhairt do na cuideachtaí sin ar a gcuid dualgas maidir le rialuithe agus le trádbhaic onnmhairí agus ar an tacaíocht chomhairleach a chuireann an Roinn ar fáil.

Imscrúduithe

Le linn na mblianta 2011 agus 2012, rinne an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta roinnt imscrúduithe ar ghníomhaíochtaí na gcuideachtaí sin a onnmhairíonn ítimí íogaire as Éirinn. Déantar imscrúduithe nuair a thagann an Roinn ar fhaisnéis faoi sháruithe féideartha ar an reachtaíocht maidir le rialúchán onnmhairí. Sa tréimhse atá á plé, léiríodh sna himscrúduithe a rinneadh nár bhain ceann ar bith de na honnmhairí a bhí i gceist le táirgí rialaithe faoi reachtaíocht an AE. Cuireadh in iúl sna himscrúduithe nach raibh gá le hionchúiseamh i gcás ar bith.

6. Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach sna blianta 2011 agus 2012

Tugtar faisnéis i gCaibidil 5 den tuarascáil seo ar fheidhmiú na smachtbhannaí. Is é is smachtbhannaí (dá ngairtear bearta sriantacha uaireanta) ann ná ionstraimí a úsáideann an AE chun athrú a dhéanamh ar bheartais nó ar ghníomhaíochtaí i dtíortha

eile. Mar shampla, dul i ngleic le sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta nó ar chearta an duine, nó dul i ngleic le beartais nach n-urramaíonn riail an dlí ná prionsabail dhaonlathacha. Baintear leas as smachtbhannaí, agus iad i measc na raidhse ionstraimí polaitiúla atá ann, chun luachanna agus cuspóirí an AE a chur chun cinn.

Thug an tAontas Eorpach roinnt smachtbhannaí nua isteach le linn na mblianta 2011 agus 2012 mar fhreagairt d'ábhair imní idirnáisiúnta, mar shampla, ábhair imní faoi choimhlint réigiúnach agus faoi chearta an duine. Is í an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an t-údarás inniúil i ndáil leis na gnéithe trádála de smachtbhannaí an AE. Rinneadh roinnt Rialacháin nua idir 1 Eanáir 2011 agus 31 Nollaig 2012 chun foráil a dhéanamh do phionóis sa dlí náisiúnta mar gheall ar sháruithe ar smachtbhannaí an AE. Leagtar amach sonraí ar na Rialacháin sin in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an tuarascáil seo.

CAIBIDIL 2 – An Comhthéacs do Rialuithe Onnmhairí na hÉireann

1. Bunadh agus Comhthéacs na Rialuithe Idirnáisiúnta Onnmhairí

Mar is léir i gCaibidil 6 den tuarascáil seo, déanann cuideachtaí na hÉireann táirgí a onnmhairiú chuig raon leathan tíortha, rud a leagann béim ar an rochtain shármhór atá ag earnáil onnmhairiúcháin na hÉireann. Baineann an-tábhacht leis an domhandú do gheilleagair oscailte, cosúil le geilleagar na hÉireann. Baineann ár gcuid onnmhaireoirí tairbhe as a éasca a bhíonn sé earraí agus seirbhísí a aistriú ar fud an domhain agus cabhróidh an éascaíocht sin níos mó agus níos mó leis an téarnamh geilleagrach agus le poist a chruthú de réir mar a atosaíonn agus mar a luasghéaraíonn fás idirnáisiúnta. Is é cuspóir na Roinne ná rochtain ar mhargaí nua agus ar mhargaí atá ann cheana araon a dhéanamh chomh héasca agus is féidir dár n-onnmhaireoirí. Mar sin féin, is eisceacht shuntasach amháin ón riail sin iad seo a leanas: gluaiseachtaí ítimí míleata, earraí dé-úsáide agus srianta idirnáisiúnta ar ghnéithe eile trádála.

Chun críocha rialúcháin onnmhairí, is féidir earraí míleata a shainiú mar airm agus mar chórais arm atá traidisiúnta, núicléach, ceimiceach agus bitheolaíoch, mar aon le comhpháirteanna a úsáidtear chun na hearraí sin a dhéanamh. Baineann earraí dé-úsáide le táirgí a dhéantar lena n-úsáid shibhialta ach a d'fhéadfaí a shaothrú freisin lena n-úsáid mhíleata, e.g. teicneolaíochtaí agus trealamh ardfheidhmíochta TFC. Mar gheall ar an raon earraí agus teicneolaíochta a bhíonn i gceist sa réimse casta a bhaineann le dé-úsáid, agus mar gheall ar an úsáid *fhéideartha* mhíleata atá acu, is é príomhábhar imní an phobail idirnáisiúnta maidir le rialuithe a fhorbairt ar tháirgí dé-úsáide ná a chinntiú nach bhfaigheann na daoine míchearta greim ar na hearraí ná ar an teicneolaíocht sin, agus an gá atá le hearraí den sórt sin a onnmhairiú go dlisteanach chuig úsáideoirí dlisteanacha deiridh chun críocha sibhialta den chuid is mó á chothromú ag an am céanna. Dá bharr sin, nuair a bhítear ag déileáil le hiarratais ar cheadúnais le haghaidh na dtáirgí sin, tugtar aird ar leith ar an úsáideoir deiridh agus ar an úsáid deiridh atá ceaptha.

Agus í faoi réir thionchar an domhandaithe, is ag athrú de shíor a bhíonn an timpeallacht ina n-oibrítear an córas rialúcháin onnmhairí. Is gá, mar sin, an reachtaíocht atá mar bhonn ag na rialuithe onnmhairí a athbhreithniú agus a thabhairt

cothrom le dáta ar bhonn tréimhsiúil chun aird a thabhairt ar fhorbairtí, go háirithe na forbairtí seo a leanas: ábhair imní faoi shlándáil idirnáisiúnta, riachtanais reachtacha an AE agus ceisteanna a dtéann athruithe agus coimhlintí polaitiúla i bhfeidhm orthu ar fud an domhain.

Cinntíonn rannpháirtíocht na hÉireann i gcúig chóras idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí [1]go mbímid ag cur le forbairtí rialúcháin onnmhairí ar leibhéal idirnáisiúnta. Mar sin féin, oibríonn na córais sin ar leibhéal polaitiúil agus níl siad ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ní mór athruithe a chomhaontaíonn na córais éagsúla a aistriú i ndlí an AE agus sa dlí náisiúnta, de réir mar is gá.

Leagtar amach thíos reachtaíocht an AE agus an reachtaíocht náisiúnta lena rialaítear rialúchán onnmhairí. Leagtar amach i gCaibidil 1 reachtaíocht an AE agus an reachtaíocht náisiúnta lena gcumhdaítear rialúchán onnmhairí a glacadh thar shaolré na tuarascála seo. Déileáiltear aisti féin i gCaibidil 5 den tuarascáil seo le reachtaíocht a bhaineann le srianta trádála (smachtbhannaí).

2. Comhthéacs Ceadúnúcháin Onnmhairiúcháin an AE

Tá dlúthbhaint idir an obair a dhéanann an AE ar rialuithe onnmhairí agus an obair a dhéanann na córais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí, agus déanann an AE a liosta féin d'earraí rialaithe a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta chun athruithe a chomhaontaíonn na córais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí a léiriú. Má chuirtear ítim le liosta earraí rialaithe an AE, ní fhágann sé sin go gcuirtear cosc uathoibríoch ar onnmhairiú na hítime sin. Ina ionad sin, cuireann sé in iúl gur ítim íogair í agus gur chóir, mar sin, í a chur faoi réir dianphróiseas iarratais ar cheadúnas, rud trína ndéantar measúnú cúramach ar an úsáideoir deiridh agus ar an úsáid deiridh sula ndéanfar cinneadh faoi iarratas ar cheadúnas.

Is iad dhá Ghrúpa Oibre sa Bhruiséil a thugann faoin obair chun beartas an AE a fhorbairt i leith earraí míleata agus earraí dé-úsáide, lena n-áirítear an obair chun liostaí earraí rialaithe a thabhairt cothrom le dáta. Is iad na grúpaí sin: POCOGA

[1] Féach aguisín 2 a ghabhann leis an Tuarascáil seo le haghaidh tuilleadh sonraí.

(Páirtí Oibre na Comhairle ar Onnmhairí Gnátharm), a phléann le saincheisteanna neamhiomadaithe núicléach, agus MODÚ (an Mheitheal Oibre um Dhé-Úsáid), a phléann le saincheisteanna a bhaineann le hearraí atá ar na liostaí Dé-Úsáide agus leis na nósanna imeachta maidir le honnmhairiú na n-earraí sin ón AE a cheadúnú agus a rialú. Trínár rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre sin na Comhairle, tá tionchar imeartha ag Éirinn ar fhorbairt thimpeallacht reachtaíochta agus rialála an AE de réir mar a bhaineann sí le rialúchán onnmhairí. Tá éifeacht dhíreach ag roinnt ionstraimí dlí agus, dá bhrí sin, ní gá iad a thrasuí sa dlí náisiúnta (e.g. Rialacháin ón gComhairle). Tá roinnt ionstraimí eile ann (e.g. Treoracha), áfach, nach bhfuil éifeacht dhíreach acu agus ní mór éifeacht i ndlí na hÉireann a thabhairt dóibh trí bhíthin ionstraim dlí náisiúnta dá bharr.

Earraí Dé-Úsáide

I gcás earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, is é an príomhphíosa reachtaíochta lena gcumhdaítear onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide ón Aontas Eorpach ná Rialachán 428/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú, ar bhróicéireacht agus ar idirthuras ítimí dé-úsáide[2], Rialachán ar a dtugtar an Rialachán Dé-Úsáide athmhúnlaithe uaireanta. Leis an Rialachán sin, aisghaireadh Rialachán (CE) Uimh. 1334/2000 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú ítimí agus teicneolaíochta dé-úsáide agus tháinig sé i bhfeidhm an 27 Lúnasa 2009. Le Rialachán (AE) Uimh. 388/2012, rinneadh liosta na n-ítimí rialaithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán 1334/2000 a thabhairt cothrom le dáta.

Mar aon le comhdhlúthú a dhéanamh ar an raidhse leasuithe roimhe sin ar an Rialachán Dé-Úsáide bunaidh (1334/2000), tugadh isteach le Rialachán 428/2009 rialuithe nua ar ghníomhaíochtaí bróicéireachta agus ar idirthuras earraí. Leagtar amach thíos na príomhathruithe a tugadh isteach leis an Rialachán:

- Tugtar isteach leis an Rialachán rialuithe ar sheirbhísí bróicéireachta i ndáil le hítimí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I (arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 388/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) sa chás go

[2] http://www.djei.ie/trade/marketaccess/exports/EC428of2009.pdf

bhféadfadh Arm Ollscriosta (AOS) a bheith san úsáid deiridh. Is sách leathan atá an sainmhíniú ar "seirbhísí bróicéireachta" sa Rialachán. Sainmhínítear iad mar idirbheartaíocht nó comhshocraíocht idirbheart chun ítimí dé-úsáide a cheannach, a dhíol nó a sholáthar ó thríú tír chuig tríú tír eile, nó mar ítimí dé-úsáide atá lonnaithe i dtríú tíortha a dhíol nó a cheannach lena n-aistriú chuig tríú tír eile. Foráiltear sa sainmhíniú, chun críocha Rialachán 428/2009, go ndéantar soláthar aonair seirbhísí coimhdeacha a eisiamh ón sainmhíniú sin. Sainítear seirbhísí coimhdeacha sa sainmhíniú mar seo a leanas: iompar, seirbhísí airgeadais, árachas nó athárachas nó fógraíocht ghinearálta nó cur chun cinn ginearálta.

- Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh na Ballstáit rialuithe a chur i bhfeidhm ar idirthuras na n-ítimí dé-úsáide neamh-Chomhphobail a liostaítear in Iarscríbhinn I (arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 388/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) atá ceaptha, nó a d'fhéadfadh a bheith ceaptha, lena n-úsáid in Arm Ollscriosta (AOS). Rinne Éire foráil do rialuithe den sórt sin san Ordú chun Onnmhairí a Rialú (Ítimí Dé-Úsáide) 2009. Leagtar amach sonraí faoin Ordú sin thíos.

- Leis an Rialachán freisin, tugtar rogha do na Ballstáit na rialuithe nua ar bhróicéireacht agus ar idirthuras a leathnú chun míreanna neamhliostaithe dé-úsáide a d'fhéadfaí a úsáid in Arm Ollscriosta (AOS) a chuimsiú. Déanann Éire foráil do rialuithe den sórt sin san Ordú chun Onnmhairí a Rialú (Ítimí Dé-Úsáide) 2009.

- Foráiltear le Rialachán 428/2009 do thuilleadh comhroinnt faisnéise agus comhair fós i measc na mBallstát ar mhaithe le feidhmiú comhsheasmhach na rialuithe onnmhairí a bhaint amach ar fud an AE.

- Is trí Rialachán ón gComhairle a thugtar Iarscríbhinn I cothrom le dáta, d'fhonn go mbeidh sí ag luí le torthaí na n-athbhreithnithe arna ndéanamh ag na córais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí, lena n-áirítear Grúpa na Soláthraithe Núicléacha (GSN), Comhshocraíocht Wassenaar (CW), an Córas um Rialú na Teicneolaíochta Diúracán (CRTD) agus Grúpa na hAstráile (GA).

> Faoi mar a leagtar amach i gCaibidil 1, tá obair á déanamh chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann leis an iarscríbhinn a thabhairt cothrom le dáta.

Déantar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, ina leagtar amach liosta na dtáirgí rialaithe, a thabhairt cothrom le dáta trí Rialachán ón gComhairle chun athruithe a chomhaontaíonn na córais rialúcháin onnmhairí a léiriú. Is i Rialachán (AE) Uimh. 388/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a sholáthraítear an leasú is déanaí ar Iarscríbhinn I. Tá éifeacht dhíreach ag Rialacháin ón gComhairle sa dlí náisiúnta. Mar sin féin, teastaíonn reachtaíocht náisiúnta chun bunús dlí a chur ar fáil do phionóis mar gheall ar shárú ar Rialachán ón AE[3].

Earraí Míleata

Faoi Airteagal 346 de Chonradh ar Fheidhmiú an AE (CFAE)[4], féadfaidh aon Bhallstát "cibé bearta is gá leis a ghlacadh chun leasanna bunúsacha a shlándála a chosaint agus ar bearta iad a bhaineann le hairm, muinisin agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a thrádáil". Mar sin féin, rinne na Ballstáit iarracht, go pointe áirithe, a gcuid beartais rialúcháin onnmhairí a chomhordú i ndáil le hearraí míleata.

Cloch mhíle maidir le forbairt comh-threoirlínte AE i leith onnmhairí míleata ba ea glacadh an Chóid Iompair maidir le hOnnmhairí Arm sa bhliain 1998[5]. Sonraíodh sa Chód comhchritéir ar chóir iarratais ar onnmhairiú earraí míleata a mheas ina n-aghaidh. Ath-fhorghníomhaíodh an Cód sa bhliain 2005 agus, tar éis an Cód a athbhreithniú, rinneadh Cód a bhí níos fearr agus cothrom le dáta a ghlacadh mar Chomhsheasamh i mí na Nollag 2008[6].

Príomhghné den Chód ba ea na "Forálacha Oibríocha", ar threoirlínte iad maidir leis an dóigh ar chóir do na Ballstáit iarratais ar cheadúnas onnmhairiúcháin mhíleata a mheas. Ábhar spéise ar leith ba ea Foráil Oibríoch 5, inar tagraíodh do "comhliosta

[3] Féach an tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Ítimí Dé-Úsáide) 2009, I.R. Uimh. 443 de 2009, arna leasú leis an Ordú chun Onnmhairí a Rialú (Ítimí Dé-Úsáide) 2013, I.R. Uimh. 243 de 2013

[4] Tháinig CFAE – Conradh ar Fheidhmiú an AE – i bhfeidhm an 1 Nollaig 2009 le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin.

[5] Cód Iompair an AE maidir le hOnnmhairí Arm, Comhairle an Aontais Eorpaigh 8675/2/98.

[6] Comhsheasamh 2008/944/CFSP

trealaimh mhíleata" a chumhdaítear leis an gCód. Déanann an AE an liosta sin, dá ngairtear an Comhliosta Míleata, a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta chun go mbeidh sé ar aon dul le hathruithe a chomhaontaíonn na córais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí[7]. Toisc nach bhfuil éifeacht dhíreach ag an ionstraim trína nglacann an Chomhairle an Comhliosta Míleata, is gá éifeacht a thabhairt di sa dlí náisiúnta trí reachtaíocht thánaisteach[8].

Treoir 2009/43/CE maidir le hAistrithe Táirgí a bhaineann le Cosaint laistigh den Chomhphobal

Rinneadh Treoir 2009/43/CE, lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal, a ghlacadh an 6 Bealtaine 2009.

Is é an cuspóir atá léi ná simpliú a dhéanamh ar na rialacha agus ar na nósanna imeachta is infheidhme maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal "d'fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú". Dá bhrí sin, is féidir a rá go ndéantar leis an Treoir an margadh inmheánach a leathnú chun táirgí a bhaineann le cosaint a chuimsiú.

Roimh ghlacadh Threoir 2009/43/CE, chuir gach Ballstát a rialacha féin i bhfeidhm maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Eoraip, rud as ar tháinig ilroinnt shuntasach cur chuige agus neamhéifeachtúlachtaí ar fud na hearnála. Cé go bhforáiltear leis an Treoir go bhféadfar na Ballstáit ceadúnais aonair a fhorchur go fóill i gcásanna ina measann an Stát sin gur gá leasanna bunúsacha a shlándála a chosaint, bunaítear leis an Treoir cineálacha nua ceadúnas ginearálta agus domhanda.

Is é aidhm na Treorach ná spreagadh a thabhairt do na Ballstáit córas ceadúnas ginearálta a chur in áit an chórais cheadúnas aonair atá ann cheana i gcás na n-aistrithe sin laistigh den Chomhphobal inar faoi rialúchán dian atá an baol go n-athonnmhaireofar na táirgí atá i gceist chuig tíortha lasmuigh den AE faoi , e.g. i gcás ceannachán ag fórsaí armtha de chuid Bhallstáit eile an AE agus i gcás aistrithe comhpháirteanna chuig cuideachtaí "deimhnithe" cosanta na hEorpa i gcomhthéacs comhoibriú tionsclaíoch.

[7] Ghlac an Chomhairle an Comhliosta Míleata is déanaí (OJ 2013/C 90/01) an 11 Márta 2013.
[8] An tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Earraí agus Teicneolaíocht) 2012, I.R. Uimh. 216 de 2012

Is iad ceadúnais dhomhanda, ina ngrúpálann soláthraí amháin roinnt aistrithe éagsúla chuig roinnt faighteoirí, a chumhdóidh formhór na n-aistrithe eile laistigh den Chomhphobal. Beidh saorchead i gcónaí ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ar cad iad na táirgí is incháilithe le haghaidh na gcineálacha éagsúla ceadúnas agus ar théarmaí agus coinníollacha na gceadúnas sin.

Faoi mar a leagtar amach i gCaibidil 1, cuireadh na leasuithe sin chun feidhme le I.R. Uimh. 535 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a bhaineann le Cosaint laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2011 – agus le I.R. Uimh. 309 de 2012 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a bhaineann le Cosaint laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2012 – sa bhliain 2011 agus sa bhliain 2012 faoi seach agus tugadh isteach iad chun athruithe i liosta na dtáirgí atá faoi rialú an Rialacháin a léiriú.

3. Córas Ceadúnúcháin Onnmhairiúcháin na hÉireann

Ó thaobh an dlí de, léiríonn córas na hÉireann an t-idirdhealú ar leibhéal an AE idir earraí míleata agus earraí dé-úsáide:

- Tá rialúchán onnmhairí míleata ó Éirinn bunaithe go heisiach ar an reachtaíocht náisiúnta maidir le rialúchán onnmhairí, a thugtar cothrom le dáta ó am go chéile trí reachtaíocht thánaisteach a achtú lena dtugtar éifeacht do Chomhliosta Míleata an AE sa dlí náisiúnta;
- Tá rialúchán earraí dé-úsáide bunaithe ar rialachán an AE, arna thrasuí i ndlí na hÉireann trí Ordú Aire.

I ngach cás, agus ar aon dul leis an gcleachtas idirnáisiúnta, tá liosta fairsing dlúth-shainmhínithe d'earraí "rialaithe", agus déantar rialáil ar onnmhairiú na n-earraí sin. Léiríonn na liostaí sin iad siúd a comhaontaíodh i gconarthaí idirnáisiúnta agus i gcomhshocraíochtaí eile agus ar leibhéal an AE.

Mar achoimre, teastaíonn ceadúnas onnmhairiúcháin in Éirinn sna cásanna seo a leanas:

- Earraí míleata a liostaítear ar Chomhliosta Míleata an AE a onnmhairiú[9], is cuma ceann scríbe na n-earraí sin, lena n-áirítear onnmhairí chuig Ballstáit eile an AE;
- Earraí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide 388/2012[10]a onnmhairiú lasmuigh den AE (teastaíonn ceadúnas onnmhairiúcháin i gcás trealamh áirithe ardíogair dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán 428/2009, is cuma cibé acu atá ceann scríbe na n-earraí sin laistigh den AE nó lasmuigh de);
- Onnmhairí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir chlásal "uileghabhálach" an AE.[11]

Ina theannta sin, teastaíonn ceadúnas onnmhairiúcháin/allmhairiúcháin i ndáil le hearraí áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, an chéasta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1352/2011 ón gCoimisiún[12], is é sin, an "Rialachán Céastóireachta". Ní bhfuair an Roinn iarratas allmhairiúcháin/onnmhairiúcháin riamh faoin Rialachán sin.

An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2008

Is é an príomhphíosa reachtaíochta náisiúnta maidir le rialúchán onnmhairí ná an tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2008. Roimh ghlacadh an Achta sin, chuaigh reachtaíocht na hÉireann sa réimse seo rialúcháin onnmhairí siar go dtí an bhliain 1983. Glacadh Acht 2008 chun an bonn reachtúil dár gcóras rialúcháin onnmhairí a

[9] Is trí Ordú Aire a thugtar éifeacht do Chomhliosta Míleata an AE sa dlí náisiúnta; féach an iarscríbhinn a ghabhann leis an Ordú chun Onnmhairí a Rialú (Earraí agus Teicneolaíocht) 2012 (I.R. Uimh. 309 de 2012 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a bhaineann le Cosaint laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2012 maidir le haistrithe laistigh den AE)

[10] http://www.djei.ie/trade/marketaccess/exports/EU388of2012.pdf

[11] Féach Airteagal 4 de Rialachán Dé-Úsáide 428/2009. Baineann an Clásal "Uileghabhálach" le hítimí neamhliostaithe dé-úsáide a d'fhéadfadh a bheidh faoi réir rialúcháin i gcásanna ina bhfuil an t-onnmhaireoir ar an eolas, nó inar chuir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta in iúl don onnmhaireoir, go bhféadfadh na hítimí sin a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, lena n-úsáid i dtaobh airm ollscriosta, nó lena n-úsáid chun diúracáin ar féidir leo airm den chineál sin a sheachadadh nó lena n-úsáid mar pháirteanna nó mar chomhpháirteanna ítimí míleata a onnmhairítear go neamhdhleathach, nó i gcásanna ina bhfuil an tír is ceannaitheoir nó an tír is ceann scríbe deiridh faoi réir lánchosc arm agus go bhféadfadh na hearraí a bheith ceaptha lena n-úsáid deiridh mhíleata. Sa chás sin, tá sé de dhualgas ar onnmhaireoirí fógra a thabhairt don údarás ceadúnúcháin, a dhéanfaidh cinneadh ansin ar cé acu a theastaíonn nó nach dteastaíonn ceadúnas.

[12] Féach Caibidil 5 le haghaidh tuilleadh sonraí.

thabhairt cothrom le dáta, d'fhonn a chinntiú go bhfuil córas láidir i bhfeidhm againn - rud atá in ann freastal ar riachtanais an 21ú haois, agus go háirithe ar ábhair imní agus ar fhadhbanna slándála a eascraíonn as an domhandú agus ar ábhair imní a bhaineann le cearta an duine, agus atá ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Le hAcht 2008, cuirtear creat ar fáil do ghlacadh na n-orduithe Aire lena rialaítear aicmí áirithe earraí agus teicneolaíochta agus do rialú a dhéanamh ar aicmí áirithe gníomhaíochtaí cúnaimh theicniúil agus bróicéireachta. Leagtar amach i gCaibidil 1 sonraí faoi orduithe a rinneadh faoi Acht 2008 le linn na mblianta 2011 agus 2012.

Is é atá in Acht 2008 forálacha láidre forfheidhmithe agus cruthaítear ann cionta achoimre agus indíotáilte mar gheall ar sháruithe ar an Acht. Rinneadh méadú suntasach san Acht freisin ar na pionóis a fhorchuirtear mar gheall ar sháruithe ar an Acht.

CAIBIDIL 3 – Socruithe Riaracháin

1. Socruithe Riaracháin

Tá an córas ceadúnúcháin onnmhairiúcháin á riar ag Aonad Ceadúnúcháin na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus é ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i ndáil le gach iarratas ar cheadúnais mhíleata agus i ndáil le hiarratais íogaire áirithe ar cheadúnais dé-úsáide.

2. OELAS

Déantar formhór mór na n-iarratas ar cheadúnas onnmhairiúcháin trí OELAS, an tIarratas ar Líne ar Cheadúnas Onnmhairiúcháin, rud a forbraíodh i ndlúthchomhairle le honnmhaireoirí agus a chabhraigh leis an bpróiseas iarratais a chuíchóiriú, ag íoslaghdú an ualaigh riaracháin ar an lucht gnó dá bharr.

A bhuí leis an gcóras, is féidir le honnmhaireoirí iarratais ar cheadúnas a chur isteach go leictreonach, in éineacht le haon cheangaltáin is gá - deimhnithe úsáide deiridh, mar shampla.

Tá an córas ar líne ar fáil d'onnmhaireoirí atá cláraithe leis an Roinn agus a bhfuil údarás acu an córas a úsáid. Cinntíonn ainmneacha úsáideoirí, pasfhocail agus uimhreacha aitheantais phearsanta go dtarchuirtear faisnéis chuideachta ar bhealach slán sábháilte. Cé go spreagann an Roinn onnmhaireoirí an córas ar líne a úsáid chun críocha seiftiúlachta riaracháin don dá pháirtí, is ann do chóras páipéarbhunaithe freisin, rud atá cabhrach i gcás iarratais aonuaire ó dhaoine aonair. Le linn na bliana 2012, cuireadh uasghrádú tábhachtach i bhfeidhm chun aga neamhfhónaimh an chórais a laghdú agus chun feabhas a chur ar chumas na n-úsáideoirí sonraí iarratais ar cheadúnas a chur isteach.

3. Nós Imeachta maidir le hIarratais ar Cheadúnais Onnmhairiúcháin a Bhreithniú

Ní córas simplí uathoibríoch atá i gceadúnas onnmhairiúcháin a eisiúint. I gcás na n-iarratas uile ar cheadúnais onnmhairiúcháin, is é aidhm an phróisis cheadúnúcháin ná

a chinntiú go bhfuil na hearraí le seoladh chuig an tír agus chuig an úsáideoir deiridh atá sonraithe ar an iarratas ar cheadúnas agus go n-úsáidfidh an t-úsáideoir sonraithe deiridh na hearraí chun críoch dhlisteanach.

Tá an leibhéal déine a ghabhann le gach iarratas go comhchuimseach leis an méid imní atá ann faoi thír na húsáide deiridh agus/nó faoi ghníomhaíochtaí na cuideachta is úsáideoir deiridh. Téann gach iarratas trí roinnt rialuithe rioscabhunaithe. I measc na rialuithe sin, féachtar ar cé acu a dhiúltaigh nó nár dhiúltaigh Ballstát eile do cheadúnas onnmhairiúcháin a dheonú don úsáideoir deiridh sin. Ina theannta sin, i gcásanna ina bhfuil onnmhairí le seoladh chuig tíortha faoina bhfuil imní ar an AE nó ar Éirinn – mar shampla, imní faoin mbaol go n-atreorófar onnmhairí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le hAirm Ollscriosta (AOS) – téitear i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála mar ghnás.

Cé go bhféadfadh na seiceálacha sin moill a chur ar idirbhearta tráchtála a bhíonn íogair ó thaobh ama de go minic, measann an Roinn go bhfuil na rialuithe sin mar chuid riachtanach de phróiseas dea-bhainistithe ceadúnúcháin. Mar sin féin, aithníonn an Roinn gur cuid lárnach de rialáil gnó atá i rialúchán onnmhairí agus féachann sí leis an bpróiseas a dhéanamh chomh héifeachtúil agus is féidir, agus í ag féachaint do na seiceálacha riachtanacha ar gá do chóras rialúcháin onnmhairí iad a chur i bhfeidhm.

Is féidir na cineálacha iarratas a bpléann an tAonad Ceadúnúcháin leo a mhiondealú ina gcúig chatagóir:
(i) Iarratais ar cheadúnais onnmhairiúcháin dé-úsáide aonair.
(ii) Iarratais ar cheadúnais onnmhairiúcháin de-úsáide domhanda.
(iii) Iarratais ar cheadúnais onnmhairiúcháin mhíleata.
(iv) Iarratais ar cheadúnais bhróicéireachta.
(v) Iarratais ar cheadúnais onnmhairiúcháin chomhdhlúite de-úsáide.

(i) Iarratais ar Cheadúnais Onnmhairiúcháin Dé-Úsáide Aonair

Baineann an-chuid d'obair an Aonaid Cheadúnúcháin le breithniú a dhéanamh ar cheadúnais onnmhairiúcháin aonair le haghaidh earraí agus teicneolaíocht de-úsáide.

Is iad táirgí dé-úsáide na táirgí sin ar féidir leo úsáid shibhialta nó mhíleata a bheith acu, ag brath ar an úsáideoir deiridh agus ar an úsáid deiridh.

An sainmhíniú ar earraí dé-úsáide, a thagraíonn don úsáid *fhéideartha* mhíleata atá ag earra, ag brath ar an úsáid deiridh a bhaintear as, tá sé ina chúis le míthuiscint faoi chineál na dtáirgí dé-úsáide.

Tá creidiúint chontráilte ann go mbaineann na táirgí sin i gcónaí le trealamh míleata nó le hairm a tháirgeadh. Ní amhlaidh atá, mar is minic a úsáidtear onnmhairí dé-úsáide ceadúnaithe le haghaidh comhpháirteanna de tháirgí coitianta tomhaltais agus tionsclaíocha, amhail fóin phóca, ríomhairí agus trealamh caipitil do mhonaróirí.

Sa chiall is leithne, d'fhéadfadh beagnach gach earra agus teicneolaíocht teacht faoin sainmhíniú atá ar tháirgí dé-úsáide mar tháirgí a bhfuil úsáid shibhialta nó mhíleata acu, ag brath ar an úsáideoir deiridh. Dá bhrí sin, dhréachtaigh na córais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí liostaí dá meastar a bheith ar na hearraí agus ar an teicneolaíocht is íogaire, i.e. iad sin ba chóir a bheith faoi réir riachtanas ceadúnúcháin a chuireann ar chumas údarás inniúil breithniú a dhéanamh ar an úsáid deiridh atá ceaptha agus ar an úsáid deiridh atá ceaptha i gcomhthéacs trádáil sna hearraí a rialú. Léirítear na liostaí sin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Dé-Úsáide Uimh. 388/2012 ón AE[13].

Déantar Iarscríbhinn I a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun aird a thabhairt ar na hathruithe a chomhaontaíonn córais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí (féach aguisín 2 faoi chórais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí), nuair a chuirtear earraí agus teicneolaíochtaí nua leis an liosta agus nuair a bhaintear earraí agus teicneolaíochtaí áirithe ón liosta chun aird a thabhairt ar theicneolaíochtaí atá ag dul as feidhm.

[13] Leasaítear Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 428/2009 le Rialachán (AE) Uimh. 388/2012 le héifeacht ón 15 Meitheamh 2012

Maidir le honnmhairí chuig cinn scríbe *lasmuigh den AE*, teastaíonn ceadúnas onnmhairiúcháin i leith earraí agus teicneolaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I. Maidir le honnmhairí chuig cinn scríbe *laistigh den AE*, ní theastaíonn ceadúnas onnmhairiúcháin ach amháin i leith an liosta theoranta earraí agus teicneolaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán 428/2009, e.g. táirgí a bhaineann leis an tionscal núicléach, ardtrealamh TFC etc.

Is an-leathan atá an sainmhíniú ar "onnmhaire" sa Rialachán Dé-Úsáide, a chlúdaíonn onnmhairí inláimhsithe agus doláimhsithe araon, mar shampla an tarchur bogearraí nó teicneolaíochta trí bhíthin ríomhphoist, nó trína gcur ar fáil i bhfoirm leictreonach. Mar gheall ar mhéid an tionscail bhogearraí agus TF in Éirinn, ní iontas ar bith é go bhfuil an tAonad Ceadúnúcháin ag eispéiriú méadú suntasach ar líon na gceisteanna a fhaightear i dtaca le honnmhairí doláimhsithe. Léiríonn na ceisteanna sin an dul chun cinn teicneolaíochta a rinneadh ar réimsí ar nós néalríomhaireachta, a bhfuil infheidhmeacht na rialuithe onnmhairí ina leith á breithniú ag an Roinn i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sna húdaráis cheadúnúcháin i mBallstáit eile.

Déantar foráil sa Rialachán go ndeonóidh an t-údarás inniúil údarú onnmhairí "sa chás go mbunaítear an t-onnmhaireoir"[14].

Dá bhrí sin, ní gá na hítimí atá le honnmhairiú a bheith lonnaithe in Éirinn agus baineann roinnt mhaith de na hiarratais ar cheadúnas onnmhairiúcháin a dhéantar chuig an Roinn le hearraí atá lonnaithe i mBallstát eile. Sna cásanna sin, téann an Roinn i gcomhairle leis an mBallstát sin sula ndéanann sí cinneadh ar an iarratas ar cheadúnas. Cinntíonn na comhairliúcháin sin comhordú éifeachtach ar fud Ballstát agus cabhraíonn siad le cur chuige caighdeánach i leith rialúchán onnmhairí a fhorbairt. Mar sin féin, is faoin mBallstát a eisíonn an ceadúnas atá an cinneadh deiridh sna cásanna sin.

Eisítear ceadúnais onnmhairiúcháin aonair i leith lasta(i)s táirgí sonraithe ó onnmhaireoir go húsáideoir ainmnithe deiridh. Tá na ceadúnais bailí ar feadh 12 mhí

[14] Féach Airteagal 9(2) de Rialachán 428/2009

agus baineann siad le huaschainníocht agus le huasluach sonraithe earraí. Sa chás go sáraíonn na hearraí a onnmhairítear faoin gceadúnas an luach agus/nó an chainníocht a shonraítear ar an gceadúnas, ní mór iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua, fiú mura bhfuil an tréimhse 12 mhí as feidhm.

Tír is Ceann Scríbe

Is féidir iarratais ar cheadúnais dé-úsáide aonair a mhiondealú isteach in dhá chatagóir:

- Onnmhairí nach meastar a bheith íogair.
- Onnmhairí a mheastar a bheith íogair.

I gcás onnmhairí neamhíogaire, ní théann an Roinn i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. An phríomhcheist nuair a bhítear ag déileáil leis na hiarratais sin is ea a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil aon imní ann faoin úsáideoir deiridh. Is féidir go mbeidh comhairliúchán le húdaráis eile rialúcháin onnmhairí, bíodh siad laistigh den AE nó lasmuigh de, i gceist leis an bpróiseas sin. Trí na comhairliúcháin sin, tá rochtain ag an Roinn ar raon leathan faisnéise faoi úsáideoirí deiridh a bheartaítear. Gné bhunúsach de chinneadh a dhéanamh ar an deonú ceadúnais is ea an próiseas comhairliúcháin sin.

I gcás onnmhairí a mheastar a bheith íogair, téann an Roinn i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus déanann sí na seiceálacha a leagtar amach thuas freisin. Tá an Roinn sin ábalta leas a bhaint as raon leathan acmhainní is féidir léi a rochtain agus iarratas ar cheadúnas onnmhairiúcháin a bhreithniú. Ina theannta sin, teastaíonn deimhnithe úsáideora deiridh i gcónaí mar bheart breise rialúcháin sna cásanna íogaire sin.

Deimhniú Úsáideora Deiridh

Is é is Deimhniú Úsáideora Deiridh (DÚD) ann ná cáipéis a phriontáiltear ar pháipéar ceannteidil na cuideachta a bheidh ar úsáideoir deiridh na n-earraí a onnmhaireofar, agus atá sínithe ag oifigeach sinsearach de chuid na cuideachta sin[15].

[15] Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach http://www.djei.ie/publications/trade/2002/endusecertificate.htm

Deimhníonn sé go mbeidh an chuideachta ar fhaighteoir deiridh na n-earraí atá á n-easpórtáil, agus áiríonn sé sin gealltanas nach n-úsáidfear na hearraí i dtaobh Airm Ollscriosta (AOS).

(ii) Iarratais ar Cheadúnais Onnmhairiúcháin Dé-Úsáide Domhanda

Tugann ceadúnais onnmhairiúcháin dé-úsáide domhanda tuilleadh solúbthachta d'onnmhaireoirí ná mar a thugann ceadúnais onnmhairiúcháin aonair. Is féidir iad a úsáid chun onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta atá liostaithe ar an gceadúnas chuig na tíortha is cinn scríbe atá liostaithe ar an gceadúnas a chumhdach.

Tá na cineálacha ceadúnais sin ina ngné choitianta de gach córas ceadúnúcháin onnmhairiúcháin, agus tá siad úsáideach do chuideachtaí ag a mbíonn líon an-ard onnmhairí lena mbaineann riosca réasúnta íseal chuig grúpa áirithe tíortha. Sna cásanna sin, chuirfeadh iliarratais ar cheadúnais ualach riaracháin an-trom ar an gcuideachta. Mar sin féin, i gcomhthéacs na hÉireann, ní eisítear ceadúnais dhomhanda ach amháin tar éis dianmheasúnú riosca a dhéanamh ar na hearraí a bheartaítear agus ar na tíortha lena mbaineann agus eisítear iad faoi réir dianchoinníollacha úsáide. Áirítear leis na coinníollacha sin tuairisciú tréimhsiúil faoi lastais a dhéantar faoin gceadúnas agus is féidir go gcuimsítear iontu faisnéis amhail dáta na honnmhaire, ainm an úsáideora deiridh, cainníocht agus luach na honnmhaire agus cur síos ar an táirge atá á onnmhairiú, a ndéanann oifigigh na Roinne anailís ar na sonraí ina leith. Coisceann ceadúnais dhomhanda a eisíonn an Roinn aon onnmhairiú d'úsáideoirí deiridh a bhaineann le cúrsaí míleata nó slándála.

(iii) Iarratais ar Cheadúnais Onnmhairiúcháin Mhíleata.

Teastaíonn ceadúnas onnmhairiúcháin mhíleata le haghaidh na n-earraí agus na teicneolaíochta go léir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ordú chun Onnmhairí a Rialú (Earraí agus Teicneolaíocht) 2012[16], beag beann ar cé acu atá an ceann scríbe laistigh den AE nó lasmuigh de. Is é is aidhm do na Rialacháin

[16] Tháinig an tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Earraí agus Teicneolaíocht) 2012 isteach in ionad an Ordaithe chun Onnmhairí a Rialú (Earraí agus Teicneolaíocht) 2009

Eorpacha (Aistrithe Táirgí a bhaineann le Cosaint laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2012[17] ná éascú a dhéanamh ar an ngluaiseacht táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den AE amháin, trí théarmaí agus coinníollacha aistrithe na n-earraí a shimpliú. De thoradh ar an tábhacht a leagaimid ar na honnmhairí sin a rialú, tá comhairliúchán leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i gceist le gach iarratas ar cheadúnas onnmhairiúcháin mhíleata.

Léiríonn na hearraí agus an teicneolaíocht atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ordú sin na hearraí agus an teicneolaíocht ar Chomhliosta Míleata an AE. Áirítear leis an liosta earraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata, agus comhpháirteanna i gcomhair na n-ítimí sin. Is comhpháirteanna, in ionad trealamh míleata, iad na hítimí a onnmhairítear ó Éirinn agus a rangaítear mar "earraí míleata" ó thaobh rialúchán onnmhairí de.

(iv) Iarratais ar Cheadúnais Bhróicéireachta

Teastaíonn ceadúnas bróicéireachta i gcásanna ina bhfuil seirbhísí bróicéireachta á gcur ar fáil. Ceadúnaítear seirbhísí bróicéireachta dé-úsáide de bhun an Rialacháin Dé-Úsáide i gcásanna ina bhfuil idirbhearta á gcaibidliú nó á socrú chun ítimí dé-úsáide a cheannach, a dhíol nó a sholáthar ó thríú tír chuig tríú tír eile, nó chun ítimí dé-úsáide atá lonnaithe i dtríú tíortha a dhíol nó a cheannach lena n-aistriú chuig tríú tír eile.

Rinneadh an tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Gníomhaíochtaí Bróicéireachta) 2011 de bhun Alt 3 den Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2011. Forchuirtear leis an Ordú riachtanas ceadúnúcháin i leith gníomhaíochtaí bróicéireachta a bhaineann le hearraí agus le teicneolaíocht atá ar Chomhliosta Míleata an AE, faoi mar a leagtar amach sa Sceideal a ghabhann leis an Ordú. De thoradh ar chineál na n-earraí atá á gceadúnú, tugann an Roinn faoi dhianscrúdú ar iarratais ar cheadúnais bhróicéireachta. Déileáiltear leo ar an mbealach

[17] Treoir 2009/43/CE lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe na dtáirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal, arna leasú le Treoir 2012/47/AE ón gCoimisiún

céanna a dhéileáiltear le hiarratais ar cheadúnais onnmhairiúcháin mhíleata agus tá comhairliúchán leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i gceist i ngach cás.

(v) Iarratais ar Cheadúnais Onnmhairiúcháin Chomhdhlúite

Gné annamh de chóras rialúcháin onnmhairí na hÉireann is ea ceadúnais onnmhairiúcháin chomhdhlúite. Cineál de cheadúnas domhanda hibrideach atá iontu, nach mbreithnítear ach amháin i líon an-teoranta cásanna. Tá cásanna ann ina gcuirtear an measúnú riosca in iúl nach gcomhlíonann ceadúnas domhanda riachtanais rialála na Roinne agus go gcuirfeadh réiteach ceadúnais aonair ualach riaracháin neamhdhlite ar an gcuideachta.

Tá ceadúnais chomhdhlúite cosúil le ceadúnais dhomhanda sa dóigh is go gceadaíonn siad ilonnmhairí chuig iltíortha atá liostaithe. Tá siad éagsúil le ceadúnais dhomhanda, áfach, sa dóigh is go liostaítear na húsáideoirí deiridh ar an gceadúnas iarbhír. Dá bhrí sin, déantar na gnáthsheiceálacha úsáideora deiridh sula ndeonaítear an ceadúnas.

4. Diúltuithe

Faoi mar a leagtar amach thuas, cuid thábhachtach den phróiseas ceadúnúcháin i ndáil le gach cineál iarratais ar cheadúnas onnmhairiúcháin is ea a chinntiú, a mhéid is féidir, go n-úsáidfidh an t-úsáideoir deiridh a shonraítear an ítim le haghaidh na húsáide deiridh atá sonraithe, agus nach n-úsáidfear í le haghaidh cuspóir neamhcheadaithe, e.g. lena húsáid i dtaobh airm ollscriosta. Éascaíonn na cosaintí a chuirtear san áireamh sa chóras ceadúnúcháin seiceálacha agus cros-seiceálacha láidre ina leith sin.

Féadfaidh an Roinn ceadúnas onnmhairiúcháin a dhiúltú, tar éis di dul i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus le húdaráis cheadúnúcháin onnmhairiúcháin eile idirnáisiúnta agus de chuid an AE de réir mar is cuí, agus tar éis di aird a thabhairt ar na ceisteanna a leagtar amach thíos. Leagtar amach i gCaibidil 1 faisnéis faoi na diúltuithe a rinneadh le linn na mblianta 2011 agus 2012.

Ceisteanna a Chuirtear san Áireamh agus Cinneadh á Dhéanamh ar Cheadúnas a Dheonú/a Dhiúltú

Na ceisteanna a chuirtear san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar cé acu a dheonófar nó a dhiúltófar ceadúnas dé-úsáide aonair nó domhanda, leagtar amach iad in Airteagal 12 de Rialachán 428/2009. Déantar foráil leis go dtabharfaidh Ballstáit aird ar "gach ceist ábhartha, lena n-áirítear":

(a) na dualgais agus na ceangaltais ar ghlac siad leo mar bhaill de na córais neamhiomadúcháin agus de na comhshocraíochtaí rialúcháin onnmhairí idirnáisiúnta ábhartha, nó trí dhaingniú na gconarthaí idirnáisiúnta ábhartha;

(b) a gcuid dualgas faoi smachtbhannaí arna bhforchur ag comhsheasamh nó ag comhghníomh a ghlac an Chomhairle nó trí chinneadh Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip (ENASCE) nó trí rún ceangailteach Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(c) ceisteanna a bhaineann le beartas náisiúnta i leith cúrsaí eachtracha agus slándála, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear le Comhsheasamh Uimh. 2008/944/CFSP ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha a rialaíonn rialúchán onnmhairí teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata;

(d) ceisteanna a bhaineann leis an úsáid deiridh atá ceaptha agus leis an mbaol atreoraithe.

Sa Chomhsheasamh dá dtagraítear ag pointe (c) thuas, leagtar amach na gnáthchritéir ar chóir iarratais ar onnmhairí earraí míleata a mheas ina n-aghaidh. Is iad seo a leanas:

Critéar a hAon: Meas ar dhualgais agus ar cheangaltais idirnáisiúnta na mBallstát, go háirithe na smachtbhannaí a ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó an tAontas Eorpach, comhaontuithe ar neamhiomadú agus ar ábhair eile, agus dualgais idirnáisiúnta eile freisin.

Critéar a Dó: Meas ar chearta an duine sa tír is ceann scríbe deiridh agus meas a bheith ag an tír sin ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

Critéar a Trí: Cás inmheánach sa tír is ceann scríbe deiridh, mar fheidhm go bhfuil teannas nó coimhlintí airm ann.

Critéar a Ceathair: Síocháin, slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach a chaomhnú.

Critéar a Cúig: Slándáil náisiúnta na mBallstát agus na gcríoch a bhfuil freagracht ar Bhallstát as a caidreamh seachtrach, chomh maith le slándáil náisiúnta tíortha atá cairdiúil agus comhghuaillithe leo.

Critéar a Sé: Iompar na tíre is ceannaitheoir maidir leis an bpobal idirnáisiúnta, i ndáil lena dearcadh i leith sceimhlitheoireachta, le cineál a comhghuaillíochtaí agus leis an meas atá aici ar an dlí idirnáisiúnta go háirithe.

Critéar a Seacht: Riosca a bheith ann go ndéanfar an teicneolaíocht mhíleata nó an trealamh míleata a atreorú laistigh den tír is ceannaitheoir nó a athonnmhairiú faoi choinníollacha neamh-inmhianaithe.

Critéar a hOcht: Comhoiriúnacht na n-onnmhairí teicneolaíochta míleata nó trealaimh mhíleata le cumas teicniúil agus eacnamaíoch na tíre is faighteoir, agus aird á tabhairt ar an mian gur chóir do stáit a riachtanais dhlisteanacha slándála agus chosanta a chomhlíonadh leis an atreorú acmhainní daonna agus eacnamaíocha is ísle is féidir le haghaidh armálacha.

5. Forfheidhmiú

Leis an Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008, déantar foráil do phionóis throma mar gheall ar sháruithe ar an Acht, agus cuimsítear forálacha láidre forfheidhmithe ann.

Leagtar na pionóis amach in Alt 8 den Acht. Foráiltear leis an Alt sin gur féidir, ar dhuine a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach mó ná 6 mhí, nó an fhíneáil agus an phríosúnacht araon, a chur air nó uirthi. Foráiltear leis gur féidir, ar dhuine a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €10 milliún nó trí oiread luach na n-earraí nó na teicneolaíochta lena mbaineann, nó

príosúnacht ar feadh téarma nach mó ná 5 bliana, nó an fhíneáil agus an phríosúnacht araon, a chur air nó uirthi.

Leagtar amach in Alt 7 na cumhachtaí fairsinge atá ag "oifigigh údaraithe" atá freagrach as forfheidhmiú an Achta. Chun críocha an Achta, ciallaíonn oifigeach údaraithe duine arna cheapadh faoi Alt 7(2), nó oifigeach Custam agus Máil. Oibríonn an Roinn go dlúth le hoifigigh Chustaim maidir le saincheisteanna forfheidhmiúcháin.

Anailís ar thuairiscí domhanda ráithiúla

Faoi mar a leagtar amach i gCuid 3(ii) den chaibidil seo, ní mór do shealbhóirí ceadúnais dhomhanda tuairiscí rialta a chur isteach faoi lastais a dhéantar faoina gceadúnas domhanda. Déantar anailís ar na tuairiscí sin chun a chinntiú go bhfuil an t-onnmhaireoir ag oibriú de réir na dtéarmaí agus coinníollacha diana a ghabhann leis an gceadúnas.

Monatóireacht a dhéanamh ar shreafaí trádála earraí íogaire agus ar shreafaí trádála chuig cinn scríbe íogaire

Déanann an Roinn monatóireacht ar shreafaí trádála chuig tíortha atá faoi lánchosc agus faoi smachtbhannaí i ndlúthchomhar le Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá an comhar sin le Custam ina ghné éigeantach de chur chun feidhme éifeachtach ár gcórais rialúcháin onnmhairí agus go háirithe i dtaobh onnmhairí teicneolaíochta rialaithe chuig tíortha atá faoi lánchosc nó faoi smachtbhannaí.

6. Deimhnithe Allmhairiúcháin Idirnáisiúnta

Tá an Roinn freagrach as Deimhnithe Allmhairiúcháin Idirnáisiúnta a eisiúint do chuideachtaí Éireannacha ar mian leo cineálacha áirithe earraí rialaithe a allmhairiú.

De ghnáth, bíonn Deimhnithe Allmhairiúcháin Idirnáisiúnta á n-iarraidh ó allmhaireoirí ag údarás ceadúnúcháin na tíre as a bhfuil na hearraí a allmhairítear isteach in Éirinn á n-onnmhairiú. Soláthraíonn na deimhnithe sin gealltanas, a

thugann an t-allmhaireoir atá ag allmhairiú earraí áirithe isteach in Éirinn, nach ndéanfaidh siad iad a athonnmhairiú gan cead iomchuí na Roinne mar údarás Ceadúnúcháin Onnmhairiúcháin na hÉireann.

- Sa bhliain 2011, d'eisigh an Roinn 5 dheimhniú allmhairiúcháin idirnáisiúnta.
- Sa bhliain 2012, níor eisigh an Roinn aon deimhnithe allmhairiúcháin idirnáisiúnta.

Eisíodh deimhnithe sa bhliain 2011 do chuideachtaí agus d'eagraíochtaí a bhí ag allmhairiú ítimí ar mhaithe lena n-úsáid féin nó le húsáid chun táirgí eile a dhéanamh.

CAIBIDIL 4 - Comhoibriú le Comhlachtaí Eile Rialtais

1. Réamhrá

Is é atá i gceist le rialúchán onnmhairí ná meascán casta de ghnéithe trasghearrtha beartais, lena n-áirítear trádáil, airgeadas, slándáil agus imní a bhaineann le cearta an duine. Dá bhrí sin, ní féidir riarachán éifeachtach an rialúcháin onnmhairí a bhaint amach gan leibhéal suntasach gníomhaíochta comhcheangailte a bheith ann idir comhlachtaí Rialtais ó thaobh saincheisteanna praiticiúla de agus ó thaobh saincheisteanna beartais de araon.

Gné thábhachtach d'obair na Roinne ina cáil mar údarás náisiúnta rialúcháin onnmhairí is ea comhoibriú le raon comhlachtaí Rialtais. Léirítear an comhoibriú sin i dteagmhálacha neamhfhoirmiúla laethúla le comhlachtaí eile Rialtais agus i gcruinnithe foirmiúla teagmhála agus i gcomhshocraíochtaí coiste.

2. Comhoibriú le Comhlachtaí Eile Rialtais

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

An trasnú rialúcháin onnmhairí le saincheisteanna idirnáisiúnta maidir le polaitíocht, dí-armáil, cearta an duine agus slándáil, éilíonn sé teagmhálacha leanúnacha, bíodh siad foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Mar thoradh air sin, gné shainiúil dár n-oibríochtaí laethúla is ea comhoibriú leis an Roinn sin.

De bhreis ar na teagmhálacha laethúla atá ag teastáil le haghaidh chomhairliúcháin leis an Rannóg um Dhí-Armáil agus Iomadú de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i ndáil le hiarratais aonair ar cheadúnais onnmhairiúcháin, cuirtear cruinnithe teagmhála níos foirmiúla ar siúl ar bhonn rialta chun faisnéis a chomhroinnt agus athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna straitéiseacha a théann i bhfeidhm ar rialúchán onnmhairí.

Bíonn na cruinnithe sin go háirithe úsáideach mar go ndéanann comhghleacaithe sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ionadaíocht d'Éirinn ag Grúpaí Oibre de chuid an AE agus na Comhairle agus ag cruinnithe na gcóras idirnáisiúnta ábhartha rialúcháin a mbaineann a gcuid sainchúraim le hobair ár ngníomhaíochta rialúcháin onnmhairí, agus ag na Náisiúin Aontaithe.

Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim freagrach as saoránaigh a chosaint trína chinntiú go ndéantar rialú iomchuí ar earraí a thrasnaíonn teorainneacha an Stáit agus an AE. Baintear é sin amach trí rialuithe a fheidhmiú ag na teorainneacha sin d'fhonn allmhairiúcháin neamhcheadaithe earraí toirmiscthe agus srianta a bhrath, a idircheapadh agus a ghabháil nuair is gá. I leith an allmhairiúcháin earraí as tíortha nach bhfuil sa Chomhphobal agus an onnmhairiúcháin earraí ón gComhphobal chuig tríú tíortha, cuireann Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim i bhfeidhm na forálacha de Rialachán Uimh. 2913/92 ón gComhairle (Cód Custaim an Chomhphobail), de Rialachán Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún (Forálacha Cur Chun Feidhme de Chód Custaim an Chomhphobail) agus de Rialachán Uimh. 648/2005 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Uimh. 1875/2006 ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, baineann an-tábhacht le comhoibriú Sheirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim ar son chur chun feidhme éifeachtach an chórais rialúcháin onnmhairí. Is ríthábhachtach atá forairdeall na nOifigeach Custaim freisin. Tá freagracht ar Chóras na gCoimisinéirí Ioncaim um Próiseáil Iontrála Uathoibrithe (PIU) as gach dearbhú Custaim a fháil, a dheimhniú, a phróiseáil agus a imréiteach i dtimpeallacht fíor-ama. Tá gach dearbhú le linn allmhairiú agus onnmhairiú faoi réir measúnú riosca a thugann réim mhéadaithe don fhoireann Chustaim spriocdhíriú ar ghluaiseacht na n-idirbheart lena mbaineann ardriosca agus amhras.

Tá dhá Scanóir Coimeádáin Shoghluaiste ag Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim atá oiriúnach do scanadh a dhéanamh ar choimeádáin agus fheithiclí lasta agus ag a bhfuil acmhainn bhreise bhraite le haghaidh substaintí núicléacha agus radaighníomhacha. Bíonn an Roinn i dteagmháil rialta le hionadaithe do Sheirbhísí Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta éagsúla maidir le rialúchán onnmhairí e.g. Onnmhairí a Rialú (Ordú Dé-Úsáide) 2009, Smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe, Earraí le haghaidh phionós an bháis nó an chéasta (Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle), agus d'fhonn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhoibriú maidir le córas rialúcháin onnmhairí na hÉireann a chur chun feidhme.

Tá an Roinn ina ball den Choiste Comhairleach Custaim, a ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim cathaoirleacht air, agus leagtar amach sonraí faoin gCoiste sin i gCuid 3 den Chaibidil seo.

An Roinn Airgeadais

Cuirtear comhoibriú leis an Roinn Airgeadais ar siúl go príomha maidir le réimse na smachtbhannaí idirnáisiúnta agus ón AE. Faoi mar a mhionsonraítear i gCaibidil 4, baineann gnéithe trádála agus airgeadais leis na smachtbhannaí sin. Dá bhrí sin, ní mór don dá Roinn, agus reachtaíocht náisiúnta maidir le smachtbhannaí á hullmhú, a bheith ag obair go dlúth chun a chinntiú go gcumhdaítear na gnéithe sin go léir sa dlí náisiúnta.

Chomh maith le dlúth-chomhordú chun bearta dlí a ullmhú, comhoibríonn an dá Roinn le chéile maidir leis na gnéithe praiticiúla den reachtaíocht maidir le smachtbhannaí agus ar an dóigh a dtéann an reachtaíocht sin i bhfeidhm ar an lucht gnó. Faigheann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta roinnt mhaith ceisteanna a bhaineann le hidirbhearta beartaithe a bhféadfadh tionchar a bheith ag na bearta éagsúla smachtbhannaí orthu. Cé go gcuireann an Roinn seo comhairle ar fáil faoi na gnéithe trádála de na smachtbhannaí ábhartha, is gá dul i gcomhairle leis an Roinn Airgeadais agus le Banc Ceannais na hÉireann faoi thionchar féideartha na smachtbhannaí airgeadais.

Tá an Roinn seo ina ball den Choiste Tras-Rannach um Smachtbhannaí Idirnáisiúnta, agus leagtar amach sonraí faoin gCoiste sin i gCuid 3 den chaibidil seo.

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Tá rialuithe onnmhairí bunaithe ar liostaí casta earraí agus teicneolaíochta. Gné rialta d'obair na Roinne seo is ea cinntí a dhéanamh ar cé acu a thagann nó nach dtagann earraí agus teicneolaíocht ar leith faoi pharaiméadair theicniúla na liostaí sin. Chun cuidiú a chur ar fáil ina leith sin, bíonn an Roinn i dteagmháil rialta le Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), arb í an fhondúireacht náisiúnta le haghaidh infheistíochta i dtaighde eolaíochta agus innealtóireachta í. Infheistíonn FEÉ i dtaighdeoirí acadúla

agus i bhfoirne taighde ar dóigh dóibh eolas nua, teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus fiontair iomaíocha a ghiniúint sna trí réimse leathana den Bhiteicneolaíocht; is iad sin, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus Teicneolaíochtaí Fuinnimh Inmharthana agus Teicneolaíochtaí atá Tíosach ar Fhuinneamh (Fuinneamh).

Gné riachtanach in anailís na Roinne ar na haighneachtaí teicniúla mionsonraithe a dhéanann cuideachtaí is ea ionchur shaineolaithe teicniúla inmheánacha Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. De bhreis ar a corpas suntasach de shaineolas inmheánach, tá rochtain ag FEÉ ar líonra fairsing saineolaithe ar fud raon leathan réimsí teicniúla, sa chás go bhfuil gá le sainchomhairle theicniúil i gcásanna eisceachtúla.

Tá an Roinn agus FEÉ an-eolach gurb íogair ó thaobh tráchtála de atá an-chuid den fhaisnéis a sholáthraítear i ndáil le ceist chinnidh theicniúil, agus go bhféadfadh faisnéis dhílsithe a bheith i gceist léi. Déileáiltear mar fhaisnéis rúnda an fhaisnéis ar fad a sholáthraíonn cuideachta mar chuid de phróiseas cinnidh theicniúil. Sna blianta 2011 agus 2012, chabhraigh FEÉ leis an Roinn tabhairt faoina measúnú riosca ar fud roinnt teicneolaíochtaí a bhain le honnmhairí cuideachtaí éagsúla. Bhain an chuid is mó díobh sin le Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide.

Bord Leigheasra na hÉireann

Le linn na bliana 2012, thosaigh an Roinn ag obair le Bord Leigheasra na hÉireann chun sásraí frithpháirteacha fógrúcháin a chur chun feidhme d'fhonn cabhrú le honnmhairiú táirgí áirithe a chumhdaítear leis na Rialacháin Chéastóireachta a rialú. Tá tuilleadh faisnéise faoi na Rialacháin ar fáil i gCaibidil 5 den tuarascáil seo.

3. Coistí

An Coiste Tras-Rannach um Smachtbhannaí Idirnáisiúnta

Déanann an Roinn Airgeadais cathaoirleacht ar Choiste Tras-Rannach um Smachtbhannaí Idirnáisiúnta, dá bhfuil an Roinn seo ina ball. Déanann an coiste

athbhreithniú ar gach gné den chur chun feidhme smachtbhannaí idirnáisiúnta in Éirinn, chun a chinntiú go bhfuil an creat dlíthiúil agus riaracháin atá ag teastáil lena gcur chun feidhme go héifeachtúil i bhfeidhm.

Cuimsíonn an coiste raon Ranna agus comhlachtaí Stáit amhail an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, na Coimisinéirí Ioncaim agus Banc Ceannais na hÉireann.

An Coiste Comhairleach Custaim

Tá an Coiste Comhairleach Custaim comhdhéanta d'ionadaithe do na heagraíochtaí trádála a bhfuil baint acu leis an ngnó allmhairí/onnmhairí agus leis na Coimisinéirí Ioncaim. Tá sé ina fhóram don lucht trádála plé a dhéanamh ar reachtaíocht nua an AE maidir le reachtaíocht chustaim agus maidir le nósanna imeachta atá beartaithe, lena n-áirítear cúrsaí a bhaineann le rialuithe onnmhairí. Ina theannta sin, tugann sé deis do na heagraíochtaí ar baill iad dul chun cinn an tsimplithe agus éascú na nósanna imeachta le custaim agus cúrsaí comhleasa eile a chur chun cinn. Tagann sé le chéile ar bhonn ráithiúil.

An Coiste Idir-Rannach um Neamhiomadú Arm Ollscriosta

Bunaíodh an Coiste Idir-Rannach um Neamhiomadú Arm Ollscriosta chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme dhualgais idirnáisiúnta na hÉireann maidir le hiomadú na n-arm núicléach, ceimiceach agus bitheolaíoch a chosc.

Díorthaíonn na dualgais sin ó bhallraíocht na hÉireann de na Náisiúin Aontaithe agus den AE, agus ón gCoinbhinsiún um Airm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, ón gCoinbhinsiún um Airm Cheimiceacha agus ón gConradh in aghaidh Iomadú Núicléach. Chomh maith leis sin, déanann sé maoirseacht ar ghealltanais na hÉireann faoi na córais éagsúla rialúcháin onnmhairí ina bhfuil sí páirteach. Tá an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ina ball gníomhach den Choiste, a ndéanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála cathaoirleacht air. Déantar ionadaíocht do na grúpaí seo a leanas ar an gCoiste: an Roinn Cosanta, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Sláinte, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais,

chomh maith le hÓglaigh na hÉireann, an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim (Custam agus Mál), an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta, Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

An Coiste Idir-Rannach um Ghnáth-Airm

Tugann an Coiste Idir-Rannach um Ghnáth-Airm le chéile Ranna agus Gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil freagracht orthu as conarthaí, as coinbhinsiúin agus as gealltanais idirnáisiúnta eile a rialaíonn trádáil i ngnáthairm a chur chun feidhme. Tá na baill den Choiste cosúil leis na baill den Choiste Idir-Rannach um Neamhiomadú Arm Ollscriosta, faoi mar a leagtar amach thuas. Tá an Roinn seo ina ball gníomhach den Choiste.

CAIBIDIL 5 - Srianta Trádála (Smachtbhannaí)

1. Comhthéacs Beartais

Is é is smachtbhannaí (dá ngairtear bearta sriantacha uaireanta) ann ná ionstraimí a fhéachann le hathrú a dhéanamh ar bheartais nó ar ghníomhaíochtaí. Mar shampla, sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta nó ar chearta an duine nó beartais nach n-urramaíonn riail an dlí ná prionsabail dhaonlathacha.

Is faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, arna leasú na bearta smachtbhannaí a bhaineann le trádáil a tugadh isteach le linn na mblianta 2011 agus 2012 agus a mhionsonraítear in Aguisín 1 den tuarascáil seo. Meastar gurb iomchuí tuairisc a thabhairt orthu sin mar gheall ar an dlúthbhaint atá acu le hábhair rialúcháin onnmhairí ar a bhfuil an tuarascáil seo dírithe.

Ag leibhéal an AE, baintear úsáid as smachtbhannaí chun cuspóirí an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) a bhaint amach. Leagtar amach na smachtbhannaí sin in Airteagal 11 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus cuimsíonn siad na nithe seo a leanas:

- comhluachanna, leasanna bunúsacha, neamhspleáchas agus sláine an Aontais a chosaint i gcomhréir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe;
- forbairt agus comhdhlúthú a dhéanamh ar dhaonlathas agus ar riail an dlí agus ar mheas ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha.
- slándáil an Aontais a neartú ar gach slí;
- síocháin a chaomhnú agus slándáil idirnáisiúnta a neartú;

Le blianta beaga anuas, d'fhorchuir an tAontas Eorpach raon leathan smachtbhannaí, bíodh sé ar bhonn uathrialaitheach an AE nó d'fhonn Rúin Cheangailteacha Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme. Áirítear leo sin smachtbhannaí trádála (smachtbhannaí trádála ginearálta nó sonracha, lánchosc arm), smachtbhannaí airgeadais (calcadh cistí nó acmhainní eacnamaíocha, toirmeasc ar idirbhearta airgeadais, srianta ar chreidmheasanna nó infheistíocht onnmhairiúcháin) agus smachtbhannaí taidhleoireachta (e.g. comhoibriú le tríú tír a chur ar fionraí.)

In Éirinn, is é Banc Ceannais na hÉireann an t-údarás inniúil le haghaidh na ngnéithe airgeadais de smachtbhannaí an AE, is í an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an t-údarás inniúil le haghaidh na ngnéithe trádála de smachtbhannaí an AE, agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an t-údarás inniúil le haghaidh na ngnéithe taidhleoireachta de smachtbhannaí an AE.

2. Smachtbhannaí Trádála

Toirmisc Onnmhairiúcháin agus/nó Allmhairiúcháin

Tá Smachtbhannaí Trádála á n-úsáid níos minice anois ag an bpobal idirnáisiúnta ar son tionchar a fheidhmiú ar shaincheisteanna éagsúla lena mbaineann imní idirnáisiúnta. Comhlíonann Éire na dualgais idirnáisiúnta atá uirthi ina leith sin go hiomlán. Imríonn an Roinn ról lárnach i gcur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta éagsúla na Náisiún Aontaithe agus an AE a glacadh ó thaobh smachtbhannaí trádála de.

Is éard a bhíonn iontu de ghnáth ná toirmisc onnmhairiúcháin agus/nó, i gcásanna áirithe, toirmisc allmhairiúcháin ar earraí áirithe chuig réigiún ar leith nó as réigiún ar leith. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil smachtbhannaí trádála dírithe ar earraí ar leith (e.g. adhmad nó diamaint, nó earraí agus teicneolaíocht atá núicléach) agus, dá bhrí sin, ní toirmeasc iomlán iad ar thrádáil le réigiún ar leith.

De ghnáth, gabhann toirmisc ar an soláthar seirbhísí ar leith a bhaineann leis na hearraí toirmiscthe (e.g. bróicéireacht, seirbhísí airgeadais, agus cúnamh teicniúil) le smachtbhannaí trádála.

An Rialachán Céastóireachta

Leis an Rialachán Céastóireachta[18], déantar foráil do thoirmeasc nó do riachtanas údaraithe ar thrádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, an chéasta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó

[18] (CE) Uimh. 1236/2005 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, an chéasta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1352/2011 ón gCoimisiún.

táireach. Ní dhearna an Roinn iarratas ar údarú a fháil ná a eisiúint riamh i leith ceann ar bith de na táirgí a liostaítear sna Rialacháin Chéastóireachta.

Lánchosc Arm

Cineál sonrach de smachtbhanna trádála is ea lánchosc arm. Ceaptar iad chun deireadh a chur leis an sreabhadh arm agus trealaimh mhíleata chuig limistéir mar a bhfuil coimhlint, nó go réimis ar dóigh dóibh iad a úsáid i gcomhair brú faoi chois inmheánach nó forrántachta in aghaidh tír iasachta. De ghnáth, cuimsíonn lánchosc arm na nithe seo a leanas:

- toirmeasc ar an díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú arm agus ábhair de gach cineál lena mbaineann, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata, trealamh paraimíleatach agus páirteanna spártha,
- toirmeasc ar na nithe seo a leanas a chur ar fáil - maoiniú agus cúnamh airgeadais agus cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta agus seirbhísí eile a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata - agus ar úsáid arm agus ábhair ghaolmhara a chur ar fáil, a dhéanamh, a chothabháil agus a úsáid.

Is iondúil a ghabhann toirmeasc gaolmhar ar an gcur ar fáil maoinithe, agus ar chúnamh airgeadais agus ar chúnamh teicniúil i leith na n-earraí toirmiscthe le lánchosc arm.

3. Comhoibriú Idir-Rannach maidir le Smachtbhannaí a Chur Chun Feidhme

Achtaíonn an tAontas Eorpach smachtbhannaí trí bhíthin rialachán. Cé go bhfuil éifeacht dhíreach ag na hionstraimí dlí sin sa dlí náisiúnta, is gá reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh chun foráil do phionóis mar gheall ar shárú ar na smachtbhannaí sin. Déantar é sin trí bhíthin ionstraim reachtúil[19].

Cé go bhfuil freagracht ar an Roinn as smachtbhannaí trádála an AE a chur chun feidhme, is faoi shainchúram na Roinne Airgeadais a thagann na gnéithe airgeadais gaolmhara de na smachtbhannaí sin (e.g. an toirmeasc ar mhaoiniú a chur ar fáil le

[19] Féach aguisín 1 den tuarascáil seo ina leagtar amach na hIonstraimí Reachtúla arna ndéanamh ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Nollaig 2012 d'fhonn éifeacht a thabhairt do smachtbhannaí trádála an AE sa dlí náisiúnta.

haghaidh idirbheart ina bhfuil earraí toirmiscthe i gceist). Dá bhrí sin, bíonn comhoibriú an-dlúth idir an dá Roinn ann nuair a ghlactar rialachán nua ón AE maidir le smachtbhannaí, chun a chinntiú go gcuirtear pionóis i bhfeidhm i leith na ngnéithe eile de rialacháin an AE maidir le smachtbhannaí. Tá an Coiste Idir-Rannach um Smachtbhannaí ina fhóram struchtúrtha i gcomhair an chomhoibrithe sin, agus tá a chuid oibre ina leith sin mar bhonn agus thaca ag na teagmhálacha laethúla leanúnacha idir an dá Roinn maidir le cúrsaí smachtbhannaí.
Coinnítear dlúth-theagmháil le Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim ar chur chun feidhme reachtaíocht an AE maidir le smachtbhannaí trádála ag pointí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus tá Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim ar cheann amháin de na comhlachtaí dá ndéantar ionadaíocht ar an gCoiste Idir-Rannach maidir le Smachtbhannaí.

4. Cineálacha Eile Smachtbhannaí

De bhreis ar smachtbhannaí trádála (lánchosc arm san áireamh) agus ar na smachtbhannaí airgeadais lena mbaineann, tá roinnt cineálacha eile smachtbhannaí nach mór do ghnóthais bheith eolach orthu:

- ***Smachtbhannaí spriocdhírithe airgeadais***

Forchuireann an AE smachtbhannaí spriocdhírithe airgeadais a cheaptar chun spriocdhíriú ar phearsana, ar ghrúpaí agus ar aonáin ar leith agus nach mbaineann le hidirbhearta ina bhfuil earraí nó seirbhísí toirmiscthe i gceist.

Cuimsíonn na smachtbhannaí sin dualgas chun na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha go léir de chuid na bpearsana agus na n-aonán spriocdhírithe a chalcadh agus toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil go díreach nó go hindíreach leis na pearsana agus na haonáin sin nó lena leas. Is ar an Roinn Airgeadais agus / nó ar an mBanc Ceannais atá an fhreagracht as na smachtbhannaí sin a chur chun feidhme.

- ***Smachtbhannaí spriocdhírithe chun sceimhlitheoireacht a chomhrac***

Chomh maith leis sin, cuireann an AE smachtbhannaí i bhfeidhm in aghaidh daoine aonair agus grúpaí a shainítear i liosta ar a dtugtar ‘liosta sceimhlitheoireachta an AE’,

agus cuireann sé smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe in aghaidh Al Qaida agus an Talaban chun feidhme.

5. Réim Allchríche Smachtbhannaí Idirnáisiúnta Áirithe

Tá raon smachtbhannaí náisiúnta i bhfeidhm ag na Stáit Aontaithe, a bhfuil réim allchríche ag roinnt díobh faoi dhlí na Stát Aontaithe. Tá sé tábhachtach go bhfuil cuideachtaí eolach ar chineál allchríche na smachtbhannaí sin. Mar sin féin, ós rud é gur fairsing agus casta atá corpas reachtaíocht na Stát Aontaithe um smachtbhannaí, níl an Roinn in ann comhairle a chur ar fáil maidir le tionchar an chorpais sin de reachtaíocht na Stát Aontaithe ar idirbheart beartaithe gnó faoi dhlí na Stát Aontaithe.

Moltar do chuideachtaí teagmháil dhíreach a dhéanamh le húdaráis na Stát Aontaithe chun a fháil amach cén tionchar, más ann dó, a bheadh ag an reachtaíocht sin ar a n-idirbheart beartaithe.

6. Impleachtaí do Chúrsaí Ghnó

Soláthraíonn an líonra casta de smachtbhannaí idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta cúlra a gcuirtear idirbhearta idirnáisiúnta ar siúl san ionad margaidh domhanda ina aghaidh. Fianaise ar an bhfíric sin is ea an méadú géar ar na ceisteanna a bhaineann le smachtbhannaí a ndéileálann an Roinn leo.

Tá sé ríthábhachtach go ndéanann gnóthais breithniú ar na himpleachtaí féideartha uile a thagann as smachtbhannaí sula dtéann siad isteach i gconarthaí. Mar shampla, d'fhéadfadh cuideachta gabháil do thrádáil dhlisteanach le húsáideoir deiridh dlisteanach agus a aimsiú go ndearnadh a híocaíocht a chalcadh mar go bhféadfadh an institiúid airgeadais atá ag déileáil leis an íocaíocht bheith á cur faoi smachtbhanna spriocdhírithe. Dá bhrí sin, ní bhíonn institiúidí eile airgeadais ag iarraidh an íocaíocht a láimhsiú.

7. Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach sna blianta 2011 agus 2012

Rinneadh roinnt Rialacháin nua idir 1 Eanáir 2011 agus 31 Nollaig 2012 chun foráil a dhéanamh do phionóis sa dlí náisiúnta mar gheall ar sháruithe ar smachtbhannaí an

AE. Tugadh na smachtbhannaí nua nó athbhreithnithe sin isteach mar fhreagairt do cheisteanna lenar bhain imní idirnáisiúnta.

Is féidir sonraí a fháil in Aguisín 1 faoi na Rialacháin a rinneadh idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Nollaig 2012.

CAIBIDIL 6 - STAITISTICÍ MIONSONRAITHE

Tábla Forbhreathnaithe

	2012		2011		2010	
Cineál Ceadúnais	**Líon**	**Luach Ceadúnais €000**	**Líon**	**Luach Ceadúnais €000**	**Líon**	**Luach Ceadúnais €000**
Dé-Úsáid Aonair	704	228,859	343	1,148,050	715	1,279,076
Dé-Úsáid Dhomhanda	23	2,253,149	40	6,072,609	66	209,314
Míleata	129	47,118	72	27,093	98	24,356
Iomlán	**856**	**2,529,126**	**455**	**7,247,751**	**879**	**1,512,746**

Ceadúnais Dé-Úsáide Aonair de réir Tábla Catagóirí

	2012		2011		2010	
Catagóir*	**Líon**	**Luach Ceadúnais €000**	**Líon**	**Luach Ceadúnais €000**	**Líon**	**Luach Ceadúnais €000**
3	38	83,974	59	65,484	105	274,844
4	36	1	24	13	287	43
5	540	137,175	224	1,080,129	290	988,604
Uileghabhálach	67	4,885	2	34	2	653
0,1,2,6,7,8 & 9	23	2,824	34	2,389	31	14,932
Iomláin	**704**	**228,859**	**343**	**1,148,050**	**715**	**1,279,076**

Ceadúnais Dhomhanda de réir Tábla Catagóirí

	2012		2011		2010	
Catagóir*	**Líon**	**Luach Ceadúnais €000**	**Líon**	**Luach Ceadúnais €000**	**Líon**	**Luach Ceadúnais €000**
3 & 4	2	1,792,288	8	1,996,702	42	65,296
5	21	460,861	32	4,075,906	24	144,018
Iomláin	**23**	**2,253,149**	**40**	**6,072,609**	**66**	**209,314**

*Comhfhreagraíonn na catagóirí do na catagóirí sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide 428/2009 arna leasú le Rialachán 388/2012:

Catagóir 0: Ábhair núicléacha, saoráidí núicléacha agus trealamh núicléach
Catagóir 1: Ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar
Catagóir 2: Próiseáil ar Ábhair
Catagóir 3: Leictreonaic
Catagóir 4: Ríomhairí

Catagóir 5: Teileachumarsáid agus “an tslándáil faisnéise”
Catagóir 6: Braiteoirí agus léasair
Catagóir 7: Loingseoireacht agus eitleonaic
Catagóir 8: Cúrsaí Muirí
Catagóir 9: Aerspás agus Tiomáint

Onnmhairí Dé-Úsáide de réir Catagóire, Ceann Scríbe, Lín agus Luach Ceadúnaithe[20] 2011

Catagóir	Ceann Scríbe	2011 Líon na gCeadúnas a Eisíodh	2011 Luach na gCeadúnas €0 - €100,000	2011 Luach na gCeadúnas Os Cionn €100,000
0	An India	1	X	
2	Ceanada	1	X	
	An tSín	5		X
	An India	7	X	
	An Iaráin	1	X	
	Iosrael	2	X	
	An tSeapáin	1	X	
	Catar	1	X	
	An Rúis	2	X	
	An Araib Shádach	2		X
	Poblacht na Cóiré	3		X
	An tSualainn	1	X	
	An Téalainn	2	X	
	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	1	X	
